

TUARASCÁIL MHEASTÓIREACHTA

Ag cur na n-ealaíon traidisiúnta agus comhaimseartha pobail chun cinn sa Ghaeltacht 1999-2000

1	ACHOIMRE	4
2	CÚLRA	
2.1	Na hoibrithe	11
2.2	Maoiniú	11
2.2.1	Maoiniú do na cúig thionscadal déag i 1999	12
2.2.2	Maoiniú do na cúig thionscadal déag i 2000	
2.2.3	An Struchtúr Bainistíochta	12
2.3	Gníomhaíocht	
2.4	An próiseas meastóireachta	13
2.4.1	Aidhm agus cuspóirí	13
2.4.2	Ag déanamh forbartha ar na huirlisí	14
2.4.3	Amscála	
2.5	Na cúig ghné sa phróiseas	14
2.5.1	Ag tabhairt faoin meastóireacht	15
2.5.2	Na fadhbanna a bhí ann	17
2.5.3	Trí fhoirm dhifriúla á n-úsáid do rannpháirtithe	
2.5.4	Tuairisc mhíosúil	17
2.5.5	An gá leis an próiseas meastóireachta a bheith fite fuaite le cur chuige oibre na n-Áisitheoirí	18
3	AN TIONCHAR A BHÍ AG TIONSCADAIL NA N-ÁISITHEOIRÍ	19
3	Buneolas	20
3.1	Na cuig cuspóir a bhí leis an gclár	
3.1.1	Torthaí dearfacha agus samplaí a léiríonn gur éirigh leis an gcuspóir	21
3.1.2	Cruthaitheacht á léiriú trí Ghaeilge	
3.1.3	Ag cothú rannpháirtíochta i measc an aosa óig	22
3.1.4	Ag cothú scileanna ealaíonta maraon le cumas an duine í/é féin a chur in iúl go cruthaitheach	28
3.1.5	Ag cur feabhas nach beag ar chleachtadh gairmiúil na n-ealaíontóirí	23
3.2	Ag cothú forbairt an duine aonair agus an phobail trí mheán na n-ealaíon	23
3.2.1	Torthaí dearfacha agus samplaí a léiríonn gur éirigh leis an gcuspóir	23
3.2.2	Tionchar ar fhorbairt phearsanta agus imeascadh sóisialta	23
3.2.3	Tionchar ar fhorbairt phobail	24

3.3	Ag cur sainmhodhanna ealaíonta na Gaeltachta chun cinn, maraon le tuiscint ar thionchar na healaíne seo ar chleachtas na n-ealaíon comhaimseartha in Éirinn agus ar a n-ionad i nuachultúr na hÉireann	30
3.3.1	Torthaí dearfacha agus samplaí a léiríonn gur éirigh leis an gcuspóir	25
3.3.2	Smaointe nua á spreagadh ag cuntas comhaimseartha den saol i nGaeltacht Dhún na nGall	25
3.4	Ag tacú le healaíontóirí agus le heagrais agus infrastruchtúr ealaíon	27
3.4.1	Torthaí dearfacha agus samplaí a léiríonn gur éirigh leis an gcuspóir	
3.4.2	Ag tacú le heagrais ealaíon	27
3.4.3	Ag tacú le hinfrastruchtúr ealaíon	28
3.5	Ag cur tuiscint ar chomhdhéanamh cultúrtha agus riachtanais na Gaeltachta chun cinn agus ag cur freagairtí oiriúnacha i ngníomh.	
3.5.1	Torthaí dearfacha agus samplaí a léiríonn gur éirigh leis an gcuspóir	28
3.6	Ceisteanna agus fadhbanna eile	30
3.6.1	Deacrachtaí le bainistíocht agus le cleachtadh	30
3.6.2	Na dúshláin a ghabhann le cur chun cinn na n-ealaíon sa Ghaeltacht	31
4	CRÍOCH	32
4.1	Na héachtanna a bhain le beartas	32
4.2	Na héachtanna a bhain le cleachtadh	33
4.2.1	Cad nár éirigh leis a bhaint amach	33
4.2.2	Moltaí agus ceisteanna	34
4.2.3	An bealach ar aghaidh	35
4.2.4	Chun cíoradh	35
5	AGUISÍN 1999-2000	38
5.1	Sonraí na dtionscadail 1999	39
5.1.1	Tionscadal puipeadóireachta	39
5.1.2	Ceardlanna drámaíochta sna scoileanna	39
5.1.3	Ealaín sna scoileanna	40
5.1.4	An Cosán Glas	40
5.1.5	Féile na Bealtaine	41
5.1.6	Éigse Dhiarmuid Uí Shúilleabháin	41
5.1.7	Cónaitheacht Rinceora	42
5.1.8	Scríobh Cleite	43
5.1.9	Ealaín sa Scoil	43
5.1.10	Feile Scéalaíochta Chléire	44
5.1.11	Aghaidheanna Fídlí	44
5.1.12	Ceol an Locha	45
5.1.13	Drámaíocht sna Bunscoileanna	45
5.1.14	CUMAR	46

5.1.15	Ionad na Trá Báine don Dhaoine Aosta	46
5.2	Tuairimí na rannpháirtithe	47
5.2.1	47 rannpháirtí i dtionscadail dhifriúla sa Gaeltacht	48
5.2.2	Éigse Dhiarmuid Uí Shúilleabháin, Gaeltacht na Mumhan	50
5.3	Tuairimí na n-ealaíontóirí	51
5.3.1	Prófil na n-ealaíontóirí	53
5.4	Sonraí tionscadail 2000	
5.4.1	Cló Ceardlann na gCnoc teoranta	54
5.4.2	Ceardlann na gCroisbhealach	55
5.4.3	Trasnú	56
5.4.4	Dealbh na Gaeltachta	56
5.4.5	Súil na Gaeltachta	57
5.4.6	Enabling through Art	57
5.4.7	Lán Mara	58
5.4.8	Ceardlann Scribhnóireachta	59
5.4.9	Mna na Sceilge	59
5.4.10	Borradh an Fhómhair	60
5.4.11	Ceol san Oideachas	61
5.4.12	Aisling Gheal- Amhránaí i gCónaitheacht	61
5.4.13	Doras	62
5.4.14	Scribhneoirí Árainn	63
5.4.15	Ceol na Locha	63
5.4.16	Pléarácha Teo	64
5.5	Tuairimí na ndaoine (a bhí páirteacha i dtionscail in 2000)	66
5.6	Tuairimí agus moltaí na n-ealaíontóirí (a ghlac páirt i dteaspeantais)	70
5.7	Tuairimí agus moltaí na n-ealaíontóirí (a ghlac páirt i dtionscadail rannphairteacha)	73
5.8	Critéir le haghaidh maoiniu	76

1 ACHOIMRE

Clár na n-Áisitheoirí

Comhpháirtíocht idir An Chomhairle Ealaíon agus Údarás na Gaeltachta is ea clár na n-Áisitheoirí a cuireadh le chéile é d'fhonn na healaíona a chur chun cinn sa Ghaeltacht agus le go mbeadh tionchar níos leithne acu ar fhorbairt chultúrtha, shóisialta agus eacnamaíochta na Gaeltachta. Triúr éascaitheoirí ealaíon nó Áisitheoirí atá i mbun an chláir, agus tá siad lonnaithe i nDún na nGall, Gaillimh agus Ciarraí-Conamara, agus tá siad ag obair le grúpaí áitiúla agus le healaíontóirí le Gaeilge chun ceardlanna, imeachtaí agus gníomhaíochtaí ealaíon eile a chur ar bun ar fud cheantar scaipthe na Gaeltachta.

Is é Údarás na Gaeltachta a dhéanann an bhainistíocht áitiúil agus tá tacaíocht ar fáil ó oifigeach ealaíon an eagrais, an Feidhmeannach Ealaíon*. Beidh an tionscadal trí bliana d'aois in earrach 2000; i rith an ama sin, chonacthas athrú foirne i ndhá cheann de na poist, agus ní nach ionadh go raibh tionchar aige seo ar an leanúnachas agus ar na cláir oibre.

An tionchar á mheas

Bhí meastóireacht neamhspleách ag teastáil ó na páirtithe féachaint cén tionchar a bhí ag an gclár, agus ceapadh Monica de Bath chun tabhairt faoin obair seo, maraon le roinnt tacaíocht ghairmiúil agus oiliúna a chur ar fáil do na hÁisitheoirí. Iarradh ar François Matarasso ó Comedia cuidiú leis an meastóir agus comhairle a thabhairt maidir le modheolaíocht meastóireachta. Cuireadh próiseas meastóireachta le chéile i bpáirtíocht leis na triúr Áisitheoirí agus le hoifigeach ealaíon an Údaráis i rith lá oiliúna i Luimneach i mí Feabhra 1999, agus ullmhaíodh uirlisí meastóireachta, ar a n-áirítear ceistneoirí agus foirmeacha tuairisce.

In 1999, níor deindeadh ach cuid de na pleananna seo a chur i ngníomh, toisc na hoibrithe a bheith faoi bhrú mór chun na cláir oibre a chríochnú. Toradh dearfach amháin, áfach, ba ea an tuiscint níos doimhne a fuair na hÁisitheoirí ar an gclár.

In 2000, bhí an cur chuige meastóireachta ina chuid riachtanach de chuid de thionscadail na nÁisitheoirí. Le tacaíocht ó na hÁisitheoirí agus ón meastóir, ba choir go mbeadh deacrachtaí níos lú ag ealaíontóirí agus ag lucht comhordaithe na dtionscadal agus iad ag cruinniú sonraí agus ag tiomsú taifid i rith an chéad tréimhse trí bliana eile den gclár.

Is do Shorcha Nic Dhonncha, Micheal Ó Fearraigh, Eibhlin de Paor, Máire Hearty ó Údarás na Gaeltachta agus Mary Cloake den Chomhairle Ealaíon a ullmhaíodh an tuairisc seo. Gheofar cuntas ann ar thorthaí chláir na n-Áisitheoirí agus bonn le gur féidir an bealach ar aghaidh a phlé.

Clúdaíonn an mheastóireacht obair a rinneadh idir Aibreán 1999 agus Nollaig 2000; ní mór a thuiscint go bhfuil sé dírithe ar thorthaí an chláir, agus ní ar an méid a rinne gach oibrí. In 1999 roghnaigh gach Áisitheoir cúig phríomhthionscadal agus is uathu seo a bailíodh an fhaisnéis meastóireachta. In 2000, dhírigh Áisitheoir Chonamara ar thrí phríomhthionscadal, roghnaigh Áisitheoir na Mumhan seacht dtionscadal agus dhírigh an Feidhmeannach Ealaíon* ar chúig thionscadal i nDún na nGall.

Baineann an tuarascáil seo leas as sonraí meastóireachta a cruinníodh idir 1999 agus 2000 ó fhoirmeacha meastóireachta a chomhlánaigh ealaíontóirí agus iadsan a ghlac páirt sna cúig thionscadal déag seo. D'éascaigh an meastóir ceardlann meastóireachta amháin i nDún na nGall le healaíontóirí agus ceann eile i gCiarraí le healaíontóirí agus rannpháirtithe sna tionscadail. D'éascaigh an príomhmheastóir laethanta oiliúna freisin do na hÁisitheoirí. Bhuail sí le hÁisitheoirí ina gceantair Ghaeltachta féin, le Feidhmeannach Ealaíon na Gaeltachta, le healaíontóirí atá ag obair sa Ghaeltacht agus lena chois sin d'éascaigh sí dhá chruinniú aithbhreithnithe le hionadaithe ó Údarás na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon.

Ní chlédaíonn an tuarascail seo tionscadail eile a fuair cúnaimh ó Áisitheoirí de bhrí nach bhfuil iomlán na faisnéise meastóireachta cruinnithe go fóill.

*Thosaigh Áisitheoir Dhún na nGall ina phost sealadach mar Fheidhmeannach Ealaíon in Nollaig 1998 agus leanann sé sa phost sin go dtí Iúil 2001. Líonadh post an Áisitheora in 1999, ach tá folúntas ann anois ó Lúnasa 2000. Tá an tÚdarás ag iarraidh an post sin a líonadh faoi láthair mar chonradh seasta aon bhliana. (Aibreán 2001)

Conclúidí

D'aontaigh na páirtithe cuspóirí an chláir i mí na Nollaig 1998, agus is dá réir siúd a deineadh an mheastóireacht ar thionchar an tionscadail. Maidir leis na cuspóirí seo, b'iad seo a leanas na príomhthorthaí:

1. Ag cur dea-chleachtadh i gníomhaíochtaí ealaíon idir chomhaimseartha, thraidisiúnta agus Ghaeilge chun cinn ar fud an réigiúin

I gcaitheamh 1999 tugadh faoi lear mór gníomhaíochtaí ealaíon, ag díriú ar na dearcealaíona, ar léirithe agus ar an litríocht, idir thraidisiúnta agus chomhaimseartha. Dar leis na healaíontóirí a bhí páirteach, bhí caighdeán ealaíonta na hoibre an-ard ar fad, le heisceacht nó dhó; ach feictear go mbeidh deacrachtaí agus dúshlán áirithe ag baint le forbairt an réimse seo atá nua do chuid mhaith de na daoine a bhí páirteach ann. Fós féin, i rith na tréimhse seo, d'eirigh leis an tionscadal cleachtadh ealaíon a fhorbairt.

I gcaitheamh 2000 tháinig roinnt tionscadail ardaidhmeannacha ar an bhfód, a raibh fíis agus plean gnó acu. Bhí scóip fhairsing ag na tionscadail seo ó chleachtadh ealaíon pobail go forbairt ealaíon ghairmiúil d'ealaíontóirí ar nós máistircheardlanna i múnlaí ealaíne ar leith agus an teicneolaíocht dhigiteach san áireamh, go comhoibriú idirdhisciplíneacha thar múnla ealaíne amháin nó níos mó. Tá tionscadal píolótach do sheandaoine agus cur chuige iomlánaithe i dtaobh obair chruthaitheach a dhéanamh le páistí a bhfuil míchumas orthu tar éis a theacht as cur chuige páirtíochta idir ealaíontóirí agus a mboird sláinte féin.

Na healaíontóirí atá ag obair i réimse an chleachtaidh ealaíon pobail, dealraíonn sé go bhfuil saibhreas taithí, idir deich agus fiche bliain i gcásanna áirithe, ag cuid mhaith acu ar a bheith ag éascú na cruthaitheachta. Le cabhair na nascanna oibre atá cruthaithe le heagrais ealaíon náisiúnta (Music Network and Graffiti) tá seans ag páistí i mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna páirt a ghlacadh sa cheol domhanada, ar a n-áirítear ceol traidisiúnta na hÉireann agus an clár Theatre in Education.

2. Ag cur sainmhodhanna ealaíonta na Gaeltachta chun cinn, maraon le tuiscint ar an tionchar atá acu ar chleachtas na n-ealaíon comhaimseartha in Éirinn agus ar a n-ionad i nuachultúr na tíre

Deineadh dul chun cinn nach beag i dtreo na cuspóra seo, agus feictear go raibh tionchar níos leithne ag tionscadal gach Áisitheora de réir mar a mhéadaigh ar a dtaithe agus a féinmhuinín agus go dtáinig bonn níos buaine faoin tionscadal ina gceantar féin. Ní mór breis tacaíochta, oiliúna agus forbairt ar acmhainneacht a chur ar fáil do na hÁisitheoirí agus do na healaíontóirí agus do na grúpaí pobail atá ag obair leo má táthar chun na healaíona agus an dul chun cinn atá déanta go dtí seo a bhuanú sa Ghaeltacht.

I 2000 tugadh faoi deara go raibh roinnt tionscadal á reáchtáil ar bheagán airgid agus gan mórán poiblíochta. Chonacthas go bhféadfadh na tionscadail seo a gcion féin a dhéanamh chun ealaín difriúil Gaeltachta a chruthú a bheadh bunaithe i measc an phobail, ach comhordú agus tacaíocht ilbhliantúil a bheith acu. Taobh le taobh leis an gcleachtadh ealaíon áitiúil seo tá ealaíontóirí gairmiúla Gaeltachta, ceoltóirí, damhsóirí agus filí ach go háirithe, ag comhoibriú le chéile agus tá seó ildisciplíneach curtha ar stáitse acu in Éirinn agus thar lear. Tá gradaim náisiúnta agus idirnáisiúnta gnóthaithe ag fiontair dá leithéid. I réimse na ndearcealaíon b'é an toradh a bhí ar chlár oscailte le déantóir leabhair agus príontóir Meiriceánach a dhéanann leabhair ar na saorealaíona, ná gur fhoghlaim ealaíontóirí Gaeltachta na scileanna seo agus go bhfuil ceardlann prionta áitiúil anois ag ceangail cáipéise tábhachtach de láimh agus go bhfuiltear ag tabhairt faoi roinnt tionscadail i leabhair saorealaíon sa Ghaeilge i 2001. Sna dearcealaíona freisin, de thoradh iarracht a thionscnaigh ealaíontóirí tá spás solúbtha ar fáil anois in iarthuaisceart Dhún na nGall a bheadh oiriúnach do thaispeántais agus do ghníomhaíochtaí sna healaíona comhaimseartha.

3. Ag tacú le healaíontóirí, agus le heagrais agus le hinfrastruchtúr ealaíon;

Cé go bhfuil sé riachtanach idirdhealú a dhéanamh idir na tionscadail a ghineann na hÁisitheoirí agus iadsan a d'fhéadfadh a tharlú gan a gcúnamh siúd, admhaíonn ealaíontóirí agus tionscnóirí ealaíon gur thug Áisitheoirí comhairle agus tacaíocht d'ealaíontóirí agus d'eagrais ealaíon sa Ghaeltacht.

I 1999, d'fhostaigh na tionscadail 151 ealaíontóir, leath díobh atá ag cónaí agus ag obair sa Ghaeltacht. In 2000 d'fhostaigh said breis is 118 ealaíontóirí, 73% a bhí áitiúil, agus 23% a tháinig ón taobh amuigh. An oiliúint agus an forbairt ghairmiúil neamhfhoirmiúil a fuair ealaíontóirí a raibh baint acu leis an bhfostaíocht seo, chuidigh sé go mór méadú a chur ar líon na gcleachtóirí oilte atá ar fáil chun dul ag obair sa réigiún seo. Bhí sé le rá ag cuid mhaith ealaíontóirí aitiúla go raibh aithne níos fearr de bharr na dtionscadal, agus go raibh tairiscintí oibre ealaíon faighte acu dá mbarr mar aon le deiseanna chun saothair a chur ar taispeántas. Ní mhiste a rá freisin go raibh gnéithe den fhorbairt ghairmiúil le fáil ag ealaíontóirí Gaeltachta a ghlac páirt sa chlár a reáchtáil Music Network sa Daingean agus sa chlár a bhí ag Grafitti i scoileanna na Gaeltachta faoin gclár Theatre in Education.

Tá fianaise ann go bhfuil an comhoibriú idir páirtithe atá ag maoiniú gnéithe difriúla den tionscadal céanna nó d'eagrais ealaíon ag dul i méid. Thug An Chomhairle Ealaíon deontas ioncaim chun tacú le clár le rochtain oscailte i dtionscadail idirdisciplíneacha na déantóireachta leabhar agus na príontóireachta. Tá staidéar indéantachta, faoi choimirce an

Údaráis, ar siúl san ionad priontóireachta sin féachaint an féidir acmhainn a fhorbairt go háitiúil ina mbeadh scileanna i dteicneolaíocht na ndearcealaíon ar fáil maille le cleachtadh na healaíne comhaimseartha.

Chuidigh obair na nÁisitheoirí chun páirtíochtaí a bhunú laistigh den earnáil ealaíon agus idir é agus eagrais áitiúla eile. De bharr gur éirigh chomh maith sin le cuid mhaith de na tionscadail, tá bonn láidir ann do thionscadail amach anseo, cé go bhfuil cuid mhaith le déanamh chun oideachas ealaíon agus soláthar oiliúna a chomhordnú.

4. Ag cothú forbairt an duine aonair agus an cheantair trí mheán na n-ealaíon;

Ghlac breis is ceithre mhíle duine (dhá mhíle in 1999 agus dhá mhíle eile in 2000) ó pháistí réamhscoile go seanóirí, páirt i réimse leathan de cheardlanna ealaíon, scoileanna sna healaíona traidisiúnta agus féilte. Agus bhí breis is deich míle duine (timpeall ceithre mhíle in 1999 agus sé mhíle in 2000) i láthair ag imeachtaí a d'eascair as gníomhaíochtaí tionscadail. Mar shampla, i gcás ceann amháin de na cúig thionscadal déag, Pléarácha Chonamara, ghlac sé chéad caoga duine páirt i gceardlanna na Pléarácha in 2000 ach áirítear go raibh breis is trí mhíle duine go leith i láthair ag imeachtaí pobail Phléaráca in 2000. ,

Bhí tionchar nach beag ag an rannpháirtíocht seo ar an imeascadh sóisialta, ar fhorbairt scileanna agus féiniúlacht phearsanta agus ar ghréasáin pobail áitiúla; tugadh torthaí dearfacha ó thaobh forbairt teangan de faoi deara freisin.

In 2000, deir 76% den seisear is ochtó páistí a ghlac páirt sna tionscadail gur dóigh leo go bhféadfadh siad a gcuid scileanna nua a roinnt le páistí eile, agus deir 91% den triúr aosach is ochtó a bhí páirteach go bhfuil siad níos féinmhuiníní anois faoin méid is féidir leo a chur i gcrích.

Tionscadal i nGaeltachta Chiarraí is ea *Enabling through Art* a oibríonn ar bhealach iomlánaithe le páistí a bhfuil míchumas orthu agus le páistí a bhfuil lúth na gcorp acu araon. D'fhorbair na páistí a gcuid cruthaitheachta agus a gcuid scileanna sóisialta trí phuipeadóireacht agus trí thaispeántas Nollaig sa séipéal áitiúil. Bhí sé le rá ag cuid mhaith acu go raibh tuiscint níos fearr acu ar mhíchumais pháistí eile anois agus gur mhór leo bualadh le páistí eile a bhí i gcathaoireacha rotha freisin.

5. Ag cur tuiscint ar chomhdhéanamh cultúrtha agus riachtanais na Gaeltachta chun cinn agus ag cur freagairtí oiriúnacha i ngníomh.

De thoradh an chláir seo, tá tuiscint níos fearr ag na páirtithe ar chomhdhéanamh agus ar riachtanais chultúrtha an réigiúin, agus tá an t-eolas céanna fachta ag grúpaí pobail agus gairmigh sa cheantar, cuid acu atá ag obair i réimse na n-ealaíon agus cuid nach bhfuil. Tá ceachtanna luachmhara curtha ar fáil aige maidir le samhlacha agus struchtúir éifeachtacha oibre a ba chóir a chur san áireamh nuair atá pleanáil á déanamh amach anseo.

Tá beartais agus straitéis, a chuireann riachtanais agus comhdhéanamh cultúrtha na nGaeltachtaí san áireamh, curtha le chéile anois ag an leibhéal náisiúnta de bhuíochas na tuisceana seo. Mar shampla, i bplean ealaíon 1999–2001 leag An Chomhairle Ealaíon amach dhá straitéis déag agus dhearbhaigh ceann amháin go rabhthas chun tacú le healaíontóirí atá ag obair trí mheán na Gaeilge agus sna healaíona traidisiúnta le gur féidir

leo lán n-acmhainneachtaí a úsáid agus méadú a chur ar an lucht féachana atá acu. *Aithníonn An Chomhairle Ealaíongo bhfuil gá le straitéis fhorbartha le fócas ar leith chun tacú leis an healaíona Gaeilge, toisc a theoranta is a scaipthe is atá a lucht féachana agus na dísbharrainneachtaí scála atá ann dá mbarr. Chuige seo beidh gá le páirtíochtaí a bhunú leis na gníomhaireachtaí sin a bhfuil an príomhchúram orthu i leith na Gaeilge, agus ar spéis leo na healaíona mar bhealach mar chuid de bheartas teanga agus dul i gcomhar le cleachtóirí atá taréis a dtréanimní a chur in iúl faoina gcuid riachtanais fhorbartha féin mar ealaíontóirí agus atá ag éileamh go gcuirfí tacaíocht ar fáil dóibh mar chuid de ghrúpa níos mó de chleachtóirí ealaíonta (i gceachtar den dá theanga).*

In 2000-2001 tá plean straitéiseach á ullmhú ag Údarás na Gaeltachta a dhíríonn ar laigí éagsúla agus a mholann tionscadail phíolótacha áirithe.

Tá an caidreamh oibre idir na comhairlí contae agus an tÚdarás chomh foirfe sin anois go bhfuil seans ann go dtiocfadh an t-oifigeach ealaíon cuí agus na hÁisitheoirí le chéile chun pleanáil bhliantúil nó ilbhliantúil a dhéanamh chun tacú le gnéithe difriúla de thionscadail phíolótacha áirithe sa Ghaeltacht.

1.1.1 Ag féachaint ar aghaidh

San iomlán léiríonn na torthaí gur éirigh go seoighe le clár na nÁisitheoirí, go háirithe i dtéarmaí 2000 mar a fheictear toradh an ama agus na hinfheistíochta a rinneadh níos túisce. Tá bonn daingean tacaíochta á chur faoi ghníomhaíochtaí ealaíon pobalbhunaithe, idir thraidisiúnta agus chomhaimseartha, de thoradh cur chuige straitéiseach na n-Áisitheoirí gaolmhaireachtaí oibre fadtéarmacha a chothú le heagrais pháirtíochta tábhachtacha. Tá fadhbanna caodranta ann fós, áfach, ar a n-áirítear méid ollmhór na gceantar sin atáthar ag iarraidh freastal a dhéanamh orthu. B'fhéidir nár mhiste agus pleanáil a déanamh amach anseo samhlach malartacha a bhreathnú, go háirithe iadsan atá dírithe ar chuidiú a sholáthar d'uimhir níos mó ealaíontóirí agus eagrais ealaíon bheaga áitiúla d'fhonn scileanna anamúlachta agus scileanna ó thaobh eagair a fhorbairt. Le himeacht aimsire, is féidir go mbeadh clár forbartha ealaíon a mbeadh an-éagsúlacht ag baint leis, agus a mbeadh líon áirithe daoine agus ealaíontóirí neamhspleácha agus páirtaimseartha ag obair air, oiriúnach mar ghréasán chun forbairt na n-ealaíon a chur chun cinn sa Ghaeltacht.

1.1.2 An bealach ar aghaidh 2001-2003

Fianaise ar cé chomh maith is atá ag éirí leis an gclár is ea an tsuim de £1,302,000 atá geallta ag na páirtithe chun forbairt an chláir a mhaoiniú thar thréimhse trí bliana eile. Gan amhras cuideoidh an tsuim mhór seo chun tuilleadh airgid a mhealladh ó eagrais pháirtíochta tábhachtacha eile dála na comhairlí contae, na boird sláinte, na coistí gairmoideachais srl. Is léir ó na sonraí meastóireachta go bhfuil gá le roinnt ionad do na healaíona fisiciúla agus don cultúr mar aon le saoráid chultúrtha taistil, toisc na Gaeltachtaí a bheith chomh scaipthe sin, agus go gcaithfear an phleanáil agus an fhorbairt chuí a dhéanamh le go mbeidh said ann. Bheadh sé níos ciallmhara, áfach, leas a bhaint as na hacmhainní atá ann cheana féin nuair is féidir agus an t-

airgead a úsáid chun íoc as ealaíontóirí, ealaíontóirí pobail, lucht comhordaithe an oideachais ealaíon pobail, lucht comhordaithe fhorbairt phobail srl.

Tar éis roinnt chruinnithe i dtosach 2001 chun critéir mheastóireachta a aontú, cuirfidh an tÚdarás paca cur ar aghaidh ar fáil ina mbeidh sonraí na nduais-scéimeanna d'ealaíontóirí, eagrais ealaíon agus grúpaí pobail.

Tá dréacht-chritéir chun tionscadail a mhaoiniú ar bhonn ilbhliantúil aontaithe cheana féin ag an dá eagrais. Táthar ag súil go ndéanfar na critéir a leasú agus a aontú go luath. Féach san aguisín do na dréacht-chritéir.

Ní mór, ag an tráth seo, go mbeadh ealaíontóirí agus pobail Ghaeltachta agus eagrais eile ar spéis leo an t-ábhar ar an eolas faoin gclár. B'fhéidir gurbh fhiú seimínear de chás-staidéir ó chleachtóirí agus uathusan a bhí páirteach sa chlár go dtí seo a chuimsiú in aon láinseáil atá beartaithe. D'fhéadfaí leabhar de chás-staidéir atá bunaithe ar ábhar na tuarascála seo a fhorbairt, mar aon le físeán nó clár teilifíse ar ghnéithe de na healaíona sa Ghaeltacht, a chuideodh chun aird an phobail a dhíriú ar an gclár.

Gnóthaí Airgeadais ó 1999 – 2000

Pá in aghaidh na bliana

Ealaíon na Gaeltachta–comhlacht atá á mhaoiniú ag beirt pháirtithe agus £90,000 san iomlán infheistithe acu i gclár ealaíon 2000, formhór de ag dul ar chostais triúr Áisitheoir Ealaíon a fhostú sna ceantair Ghaeltachta éagsúla.

Buiséad cláir

B'é £130,000 an caiteachas iomlán ar ghníomhaíochtaí tionscadail/cláir in 2000. Thug Scéim Shuire an Údaráis £70,000, agus fuarthas £30,000 ó Scéim Urraíochta an Údarais. Fuarthas £30,000 freisin ón gComhairle Ealaíon. Níl an t-airgead go léir tarraingthe síos go fóill. I gcás na Comhairle Ealaíon, tá £69, 201.03 le tarraingt síos fós.

Maoiníonn an tÚdarás post lánaimseartha mar Fheidhmeannach Forbartha Ealaíon a bhfuil sé de chúram air tacaíocht agus comhordú a chur ar fáil do chlár na nÁisitheoirí.

B'iad seo a leanas na socruithe airgeadais do 2001 –2003:

D'aontaigh Bord Údarás na Gaeltachta agus Bord na Comhairle Ealaíon na socruithe airgeadais seo go foirmeáilte.

In aghaidh na bliana:

Pá na nÁisitheoirí (speansais san áireamh)	£117,000
a íocfaidh an tÚdarás ar bhonn bliantúil	
ACE (Clár oibre Áisitheora ar leith) –	£117,000
Scéim Suairc – (ACE & UNG)	£140,000
Oiliúint /Meastóireacht (ACE)	£30,000
(Oiliúint/Meastóireacht)	
Údarás (ciste féilte)	£30,000
Údarás na Gaeltachta (Scéim Urraíochta)	£30,000

	£464,000

Tá buiséad iomlán de £1,392,000 beartaithe don tréimhse 2001-2003

2 CÚLRA

Clár oibre trí bliana is ea clár na n-Áisitheoirí agus tá sé á eagrú ag Údarás na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon araon. Tá sé d'aidhm aige ealaíona traidisiúnta agus comhaimseartha atá bunaithe ar an nGaeilge a chur chun cinn sa Ghaeltacht. I mí na Nollaig 1997 ceapadh triúr Áisitheoirí do na réigiúin dhifriúla Gaeltachta chun dul i mbun na hoibre seo.

2.1 Na hoibrithe

I mí na Nollaig 1997 ceapadh triúr Áisitheoirí sna trí réigiún dhifriúla Gaeltachta. Tá cúram ar an Áisitheoir atá lonnaithe i gConamara maidir leis na réigiúin Ghaeltachta i dtrí réigiún tíreolaíochta dhifriúla, i.e. Contae na Gaillimhe agus a trí oileán, Contae Muigh Eo agus Contae na Mí. Tá an tÁisitheoir i nDún na nGall freagrach as na réigiúin Ghaeltachta i gceantar tíreolaíoch Dhún na nGall agus Oileán Thoraí. Tá an tÁisitheoir atá lonnaithe i gCúige Mumhan freagrach as réigiúin Ghaeltachta i dtrí cheantar tíreolaíoch difriúla, i.e. i gContaetha Corcaí, Ciarraí agus Port Láirge.

Tharla athruithe foirne i ndhá cheann de na poist, agus bhí tionchar aige seo ar leanúnachas agus ar na cláir. Bhí trí athrú foirne sa phost atá lonnaithe i nGaillimh, agus athrú amháin i nDún na nGall. An tÁisitheoir reatha i nGaillimh, bhí sí ina post go páirtaimseartha ó Aibreán go Meán Fómhair 2000 agus is ó Shamhain 2000 amháin atá sí sa phost go lánaimseartha. Thóg an chéad Áisitheoir i nDún na nGall sos oibre chun post sealadach a ghlacadh mar *Fheidhmeannach Forbartha Ealaíon* in Nollaig 1998. Ina éagmais, líonadh post an Áisitheora i nDún na nGall go sealadach idir Feabhra 1999 agus Deireadh Fómhair 2000. De bhrí go bhfuil an chéad Áisitheoir ag leanúint ar aghaidh i bpost an Fheidhmeannaigh Ealaíon go dtí Meitheamh 2001, táthar ag earcú duine go luath i 2001 chun tabhairt faoi obair thionscadail Áisitheora ar leith. Cé go bhfuil sonraí a cruinníodh ó aon duine déag d'ealaíontóirí Dhún na nGall sa tuarascáil seo, níl aon sonraí ar fáil uathusan a ghlac páirt i dtionscadail na n-ealaíontóirí sin i nDún na nGall in 2000. Is í Áisitheoir na Mumhan an t-aon áisitheoir atá sa phost ón tús. B'fhéidir gur dá bharr seo go bhfuil níos mó faisnéise meastóireachta cruinnithe aici ná mar atá ag éinne eile.

Cé go ndeachaigh imeacht na n-Áisitheoirí ó dhá réigiún i gcion ar leanúnachas na hoibre, is amhlaidh gur chuidigh ceapadh Áisitheoir Dhún na nGall mar *Fheidhmeannach Forbartha Ealaíon* le comhordú chlár na hÁisitheoirí agus fuarthas tacaíocht nach beag uaidh.

2.2 Maoiniú agus Caiteachas

Chuir an dá eagrais pacáiste trí bliana le chéile, agus roinneadh costas tuarastal na n-Áisitheoirí go cothrom eatarthu. Lena chois sin, chlúdaigh íocaíocht iomlán na Comhairle Ealaíon na costais a ghabh le meastóireacht, aistriúcháin agus speansais ghaolmhara; íocadh speansais na n-Áisitheoirí as íocaíocht Údarás na Gaeltachta. In Eanáir 2000, d'aontaigh Údarás na Gaeltachta buiséad cláir de £10,000 do gach Áisitheoir, a léirigh céim tacaíocht an-dearfach do chlár na n-Áisitheoirí. D'infheistigh Ealaíon na Gaeltachta – comhlacht a mhaoiníonn beirt pháirtithe ar bhonn cothrom – £90,000 sa chlár in 2000, agus caitheadh formhór de chun 3 Áisitheoirí Ealaíon a fhostú sna réigiúin Ghaeltachta éagsúla.

In 2000 caitheadh £130,000 ar phá, speansais agus tacaíocht thionscadail.

Ní miste a lua gur tháinig méadú ar an méid airgid a thagann ó fhoinsí seachas Údarás na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon ó 23% in 1999 go beagnach 50% in 2000.

2.2.1 Maoiniú do na cúig thionscadal dhéag I 1999

Cruinníodh agus caitheadh buiséad cláir iomlán de £129,575 agus chuaigh a leath den bhuiséad sin – £60,250 – ar phá na n-ealaíontóirí. Ba iad na príomhfhoinsí maoinithe do na cúig thionscadal dhéag seo ná Údarás na Gaeltachta, na comhairlí contae, Meitheal Forbartha na Gaeltachta, grúpaí pobail Ghaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon. Tháinig thart ar £29,950, i.e. timpeall 23% den bhuiséad iomlán, ó fhoinsí seachas Údarás na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon. Léiríú is ea an maoiniú a fuarthas ó pháirtithe éagsúla ar an méadú sa tacaíocht atá ann do ghníomhaíochtaí ealaíon pobalbhunaithe. Lena chois sin, tugann sé le fios gur éirigh le clár na n-Áisitheoirí tuiscint a chothú maidir leis an méid is féidir le grúpaí pobail a dhéanamh ar son an oideachais, ar son forbairt phobail agus cúrsaí fiontair.

2.2.2 Maoiniú do na cúig thionscadal déag in 2000

Cruinníodh buiséad clár iomlán de £290,419.01 agus caitheadh suas le leath de ar phá ealaíontóirí de £ 118,189 or £173,755.80

B'iad na príomhpháirtithe/maoinitheoirí do na cúig thionscadal déag seo ná Údarás na Gaeltachta, Comhairlí Contae Dhún na nGall, na Gaillimhe, Mhuigh Eo, na Mí, Chorcaí, Chiarraí, Phort Láirge, coistí gairmoideachais, boird sláinte, An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán, aonad oiliúint inseirbhíse na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus An Roinn Gnóthaí Sóisialta, Pobail agus Teaghlaigh. Tháinig £148,181 nó timpeall 51% den bhuiséad ó fhoinsí seachas Údarás na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon. San áireamh san fhigiúr dheiridh seo tá ranníocaíocht de £15,451 a fuarthas ó chomhairlí contae na gceantair faoi seach. Tugann an maoiniú a fuarthas ó éagsúlacht pháirtithe le fios go bhfuil méadú ag teacht ar an tacaíocht atá ann do ghníomhaíochtaí ealaíon pobalbhunaithe agus do thionscnaimh a thagann ó ealaíontóirí.

2.2.3 An Struchtúr Bainistíochta

Ó Eanáir 1999 i leith, is é an *Feidhmeannach Forbartha Ealaíon*, (Oifigeach Ealaíon an Gaeltachta) atá ag comhordú clár oibre na n-Áisitheoirí agus ag tacú leo. Tá gach Áisitheoir freagrach go díreach don bainisteoir réigiúnach agus cuirtear tuairisc mhíosúil go dtí an Feidhmeannach Ealaíon, (Oifigeach Ealaíon na Gaeltachta) agus an bainisteoir réigiúnach. Tugann an Feidhmeannach Ealaíon tuairisc, agus tá sé freagrach, do stiúrthóir An Rannóg Forbartha Teanga agus Cultúir. Tá grúpaí réigiúnda ag teacht chun cinn a mbeidh méid áirithe i ngeall acu ann agus a thacóidh le clár na n-Áisitheoirí maraon len é a chur chun cinn. Ar bhallraíocht na ngrúpaí seo beidh ealaíontóirí, Oifigigh Ealaíon na n-údarás áitiúil, bainisteoirí réigiúnda Ú na G, ionadaithe grúpaí pobail agus stiúrthóirí ionaid ealaíon. De thoradh na chéad chruinnithe, tá dréacht de phlean straitéiseach á cur le chéile ag an *Feidhmeannach Forbartha Ealaíon*, d'fhonn na healaíona traidisiúnta agus comhaimseartha a chur chun cinn sa Ghaeltacht. Tá páirtithe leasmhara réigiúnda le fáil i nDún na nGall agus i gCúige Mumhan. Níl ceann i nGaillimh fós. Is é an príomhchúram atá ar gach Áisitheoir ná spreagadh agus misniú a chur ar fáil, agus forbairt a dhéanamh ar na healaíona traidisiúnta agus comhaimseartha sna réigiúin Ghaeltachta, le béim ar leith ar na healaíona a mbíonn an pobal go léir páirteach iontu.

2.3 Gníomhaíocht

Iomlán na gceardlann, léiriú, rannpháirtí, áiteanna a úsáidtear, ealaíontóirí, múnlai ealaíne:

Le dhá bhliain anuas, ghlac 4,000 duine ó pháistí réamhscoile go seanóirí páirt i réimse leathan ceardlanna, scoileanna sna healaíona traidisiúnta, féilte, seónna a bhaineann leis an amharclannaíocht in oideachas, cónaitheachtaí ealaíontóirí, ceolchoirmeacha gairmiúla, deilbh a cheaptar d'ionad faoi leith, cláir thaispeántais aon bhliana d'ealaíontóirí áitiúla agus idirnáisiúnta. Úsáideadh scoileanna, ionaid chúraim lae, ionaid chultúrtha, aonaid thionsclaíochta agus láithreacha pobail eile sa Ghaeltacht do na tionscadail seo. Meastar go raibh 10,000 duine ar a laghad i láthair ag imeachtaí i gcaitheamh an dá bhliain. In 1999 sholáthraigh an tionscadail fostaíocht do 151 ealaíontóir, agus ealaíontóirí áitiúla ab ea a leath díobh seo. In 2000 fostaíodh 118 ealaíontóir breise, agus ealaíontóirí áitiúla ab ea 87 díobh. Formhór na n-ealaíontóirí áitiúla a ghlac páirt in 1999, bhí siad páirteach arís in 2000. B'amhlaidh i gcás cuid mhaith de healaíontóirí a tháinig ón taobh amuigh.

2.4 An próiseas meastóireachta

Meastóireacht chuimsitheach atá i gceist, a léireoidh tosaíochtaí agus dearcthaí na n-eagrais urraíochta agus na n-oibríthe, maraon le tosaíochtaí agus dearcthaí na bpobal a bhfuil siad ag obair leo. Tá an próiseas ag brath ar na cuspóirí agus na pleananna a bheith leagtha amach go soiléir, le gur féidir torthaí na dtionscadal a chur i gcomparáid leo. Is chuige seo a leagtar béim ar shoiléiriú na réamhcheisteanna seo. Ní mór a chur san áireamh nach bhfuil sé faoin bpróiseas seo measúnú a dhéanamh ar obair oibríthe aonair – gnó é sin idir an fhoireann agus an fostóir – ach ar thionchar an chláir ina iomláine, agus ar conas d'éirigh leis aidhmeanna na páirtithe leasmhara a bhaint amach. Is faoi na heagrais urraíochta atá sé meastóireacht a dhéanamh ar an tionscadal mar chomhpháirtíocht, ach d'fhéadfaí é sin a dhéanamh leis na sonraí a cruinníodh i gcaitheamh an phróisis seo.

2.4.1 Aidhm agus cuspóirí

I mí na Nollaig 1998, shoiléirigh An Chomhairle Ealaíon agus Údarás na Gaeltachta na cuspóirí a bhí acu dá gcuid tacaíochta chomhpháirtíochta do Chlár na nÁisitheoirí sa Ghaeltacht. B'iad seo a leanas na haidhmeanna agus na cuspóirí a aontaíodh:

Is é aidhm an chláir ná tacú le gníomhaíochtaí ealaíon pobalbhunaithe sa Ghaeltacht atá á gcur chun cinn ar shlí a bheas inmharthana, trí a bheith ag obair i bpáirtíocht ar mhaithe le

1. Dea-chleachtadh i ngníomhaíochtaí ealaíon idir thraidisiúnta agus chomhaimseartha agus sna healaíona atá bunaithe ar an nGaeilge a chur chun cinn trasna na Gaeltachta;
2. Sainmhodhanna ealaíonta na Gaeltachta a chur chun cinn, maraon le tuiscint ar thionchar na n-ealaíon sin ar chleachtas na n-ealaíon comhaimseartha in Éirinn agus an áit atá aige seo i nuachultúr na hÉireann;
3. Tacú le healaíontóirí, agus le heagrais agus le hinfrastruchtúr ealaíon;
4. Forbairt an duine aonair agus an phobail a chothú trí mheán na n-ealaíon;
5. Tuiscint ar chomhdhéanamh cultúrtha agus riachtanais na Gaeltachta a chur chun cinn agus freagairtí oiriúnacha a chur i ngníomh.

2.4.2 Ag déanamh forbartha ar na huirlisí

I mí Feabhra 1999, tháinig na hÁisitheoirí agus an Feidhmeannach Ealaíon le chéile i Luimneach do cheardlann meastóireachta leis an bhfoireann um mheastóireacht clár, ar a raibh Francois Matarasso, Monica de Bath agus Adrian Munnelly. D'éascaigh Francois na hÁisitheoirí agus iad ag iarraidh uirlisí meastóireachta cuí a shocrú. Socraíodh ar shraith táscairí arbh fhéidir an obair a thomhas leo. Bhain siad seo le cainníocht don chuid is mó agus táthar ag súil go gcuirfidh siad eolas údarásach ar fáil maidir le fairsinge agus tionchar na hoibre.

- Líon na dtionscadail a tosaíodh nó a tugadh tacaíocht dóibh (imeachtaí oiliúna, ceardlanna, léirithe, taispeántais agus imeachtaí eile);
- Líon na ndaoine a bhí i láthair nó a ghlac páirt in imeachtaí;
- An méid airgid a caitheadh ar thionscadail agus foinse an airgid sin;
- Méid na hinfheistíochta isteach (deontais, urraíocht srl.);
- An méid fostaíochta a cruthaíodh (laethanta);
- Líon na scoileanna a bhí i gceist;
- Líon na ndaltaí scoile a ghlac páirt;
- Líon na n-eagras a rabhthas ag obair leo;
- Líon na dtionscadal agus na n-iarratas neamhspleácha a gineadh;
- Raon na múnláí ealaíne a bhí i gceist;
- Líon na n-ealaíontóirí áitiúla agus neamháitiúla a bhí i gceist;
- Líon na dtionscadal idirdhisciplíneacha;
- Líon na dtionscadal a bhí ag iarraidh a bheith comhaimseartha;
- Líon na n-eagras, cumann agus gréasán nua;
- Líon na dtairgí nua ealaíne;
- Líon na dtionscadal a raibh dhá cheantar Gaeltachta nó níos mó páirteach iontu;
- Líon na gcuartheanna a rinne na hÁisitheoirí;
- Measúnú ar mhúinteoirí ;
- Eolas déimeagrafach faoi na daoine a bhí i gceist;
- Tuairisciú sa phreas agus sna meáin.

2.4.3 Amscála

Aontaíodh go gclúdódh an próiseas meastóireachta an tréimhse ó Aibreán 1999 go Nollaig 1999, araon san áireamh. Ós rud é go raibh na hÁisitheoirí faoi bhrú oibre cheana féin, socraíodh ar an bpróiseas a ba shimplí; déanfar é a aithbhreithniú agus a leasú mar is cuí in Aibreán 2000.

2.5 Na cúig ghné a bhí sa phróiseas

- Cuireadh foirm tionscadail nua le chéile do na hÁisitheoirí, mar bhealach chun tuairisc a choimeád ar gach tionscnamh a rinne siad agus gach teagmháil a bhí acu. Cuireann sé seo saghas seicliosta ar fáil den eolas a bheas de dhíth faoi gach tionscadal ionas go mbeidh dúshraith maith eolais a cruinníodh ag an am ar fáil don tuairisc ag deireadh na bliana. Is féidir nótaí garbha a bhreacadh síos ar chúl na foirme. Cé go gcaithfidh na hÁisitheoirí a bheith cúramach go líontar amach an fhoirm gach uair, níl modh monatóireachta níos fearr ná é. Moladh go núsáidfí na foirmeacha seo chun tuairisc

mhíosúil gníomhaíochta a chur go dtí an t-Údarás le go mbeadh a laghad obair pháipéir agus maorlathais agus is féidir i gceist. Ach níor tharla sé sin go fóill.

- Cuireadh ceistneoir ceithre leathanach as Gaeilge le chéile do na rannpháirtithe.
- Scaipeadh ceistneoir ceithre leathanach as Gaeilge d'ealaíontóirí i Meitheamh 1999 féachaint cad é an tionchar a bhí ag an obair orthusan. Rinneadh é ar bhonn píolótach le seisear ealaíontóirí i nDún na nGall i mí Iúil 1999.
- Cuireadh ceistneoir aon leathanaigh as Gaeilge le chéile i bhFeabhra 2000 d'aoisigh a ghlac páirt i dtionscadail ghearra.
- Cuireadh ceistneoir aon leathanaigh le chéile i bhFeabhra 2000 do pháistí a ghlac páirt i dtionscadail gearra.
- Mar ba chúí, tógadh grianghraifeanna agus rinneadh obair a dhoiciméadú ar bhealaí níos neamhfhoirmeáilte, ar nós taifid áitiúla agus grianghrafadóirí aimitéaracha áitiúla. Tá fonn ar ealaíontóirí atá lonnaithe sa Ghaeltacht triail a bhaint as modhanna meastóireachta cruthaitheacha ar nós ballaí cainte agus a leithéid i dtionscadail sa todhchaí.
- Socraíodh ar phróiseas aithbhreithnithe a mbeadh cleachtóirí áitiúla agus ionadaithe pobail páirteach ann, trí mheán an chomhdháil Ghaeltachta atá beartaithe. Ach, b'éigean an chomhdháil seo, áfach, a chur ar ceal de thoradh cúinsí nach rabhtas ag súil leo.

2.5.1 Ag tabhairt faoin meastóireacht - rólanna agus an tascanna

Ba é An Chomhairle Ealaíon a thionscnaigh agus a mhaoinigh an phróiseas meastóireachta, agus d'aontaigh Údarás na Gaeltachta é i mí na Nollaig 1998. Thoiligh Micheál Ó Fearraigh, *Feidhmeannach Forbartha Ealaíon Údarás na Gaeltachta*, tacú leis an hÁisitheoirí agus iad ag iarraidh a gcláir oibre a fhorbairt agus a mheas. D'fhostaigh An Chomhairle Ealaíon foireann de thriúr meastóirí chun an mheastóireacht a dhéanamh.

Na rólanna agus an tascanna a bhí ag an bhfoireann meastóireachta i 1999

Scríobh Adrian Munnely tuairisc mheastóireachta do 1998 mar chuid den ról agus den obair mheastóireachta a bhí aige.

I gcaitheamh 1999, i measc na cúraimí a bhí ar Mhonica de Bath bhí comhordú na meastóireachta ar chlar na n-Áisitheoirí; ag cuidiú leis na hÁisitheoirí chun dea-chleachtadh ealaíon a aithint;

I measc na bpríomhthascanna do 1999 bhí:

- ag aistriú ceistneoirí agus á gcur in oiriúint i gcomhar leis na hÁisitheoirí
- ag cur ceistneoirí níos giorra le chéile do thionscadail ghearra
- ag bualadh le hÁisitheoirí ina réigiúin féin
- ag eagrú ceardlann oiliúna i gCaisleán an Bharraigh le hionchuir ar phleanáil straitéiseach d'fhorbairt na n-ealaíon pobail agus forbairt láithreacha i gceantair tuaithe
- ag déanamh ceangail idir An Chomhairle Ealaíon agus Údarás na Gaeltachta
- cumarsáid rialta le gach Áisitheoir agus leis an Feidhmeannach Ealaíon
- ag tabhairt cuairt ar thionscadail i nDún na nGall agus ar Oileán Thoraí 9-11 Iúil
- ag tabhairt tacaíocht ghníomhach d'Áisitheoir amháin agus í/é ag iarraidh ealaíontóirí Gaeltachta a mhealladh chun meastóireacht chuimsiú a dhéanamh mar chuid d'áil dá bpróiseas oibre

- ag éascú ceardlann meastóireachta do dheireadh na bliana
- ag tiomsú sonraí ó fhoirmeacha meastóireacht comhlánaithe
- ag scríobh dréacht-thuirisc

B' é ról Francois Matarasso ná tacú le Monica agus í i mbun an phróisis mheastóireachta agus ag dréachtú na tuairisce

I measc na bpríomhthascanna do 1999 bhí:

- tascairí a aithint leis na hÁisitheoirí a bheadh oiriúnach chun tionscadail a mheas
- cur chuige simplí meastóireachta a aontú a bheadh bunaithe ar cheistneoirí
- ag ullmhú trí fhoirm: foirm riaracháin ar a mbeadh sonraí gach tionscadail, foirm le comhlánú ag ealaíontóirí agus foirm dóibh siúd a ghlac páirt sna tionscadail
- ag tabhairt cuairt ar thionscadail i nDún na nGall agus ar Oileán Thoraí 9-11 Iúil
- ag déanamh eagarthóireacht ar an dréacht-thuirisc

Na rólanna agus na tascanna a bhí ag an fhoireann meastóireachta in 2000

Ghlac Monica na príomhthascanna meastóireachta uirthi féin le comhairle ó Francois a thráchtáigh ar an dréacht-thuarascáil meastóireachta.

Ar na príomhthascanna bhí:

- An idirthuirisc meastóireachta aontaithe a aistriú go Gaeilge
- Cóipeanna de idirthuirisc meastóireachta a cheangail
- Cruinniú le hÁisitheoirí ina réigiún féin.
- Ag déanamh ceangail idir An Chomhairle Ealaíon agus Údarás na Gaeltachta
- Cumarsáid rialta le gach Áisitheoir agus leis an *bhFeidhmeannach Forbartha Ealaíon*
- Tionscadal cuairte, Mná na Sceilge – ag tacú go gníomhach leis an Áisitheoir cuí chun ealaíontóirí agus rannpháirtithe a spreagadh chun tabhairt faoi mheastóireacht mar chuid riachtanach den phróiseas oibre
- Ag misniú ealaíontóirí agus lucht comhordaithe na dtionscadail chun foirmeacha meastóireachta a chomhlánú
- Ag tiomsú sonraí ó fhoirmeacha meastóireachta comhlánaithe (ó thart ar chúig thogra déag)
- Ag scríobh dréacht-thuirisc
- Ag éascú comhráití idir An Chomhairle Ealaíon agus Údarás na Gaeltachta maidir le dréacht-thuirisc deiridh, ar an mbealach ar aghaidh don gclár; ar chritéir do dhuais-scéime páirtíochta.
- Ag críochnú an eagarthóireacht dheiridh le híomhánna den tuairisc Meastóireachta i gcomhar le An Chomhairle Ealaíon agus Údarás na Gaeltachta
- Ag comhordú aistriú na tuarascála seo go Gaeilge i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta
- Ag déanamh na socrúithe chun ceathracha cóip a leagadh amach, a phriontáil agus a cheangal, fiche cinn i nGaeilge agus fiche i mBéarla.

2.5.2 Na fadhbanna a bhí ann

Ar chúiseanna éagsúla, níor chuid dílis de mhodh oibre na n-Áisitheoirí í an mheastóireacht go dtí tús 2000. Faoi dheireadh táthar ag glacadh leis go gcaithfear a bheith freagrach as meastóireacht a dhéanamh ar na tionscadail iomadúla. Is dóigh le cuid mhaith fós gur rud deacair é. Admhaítear go bhfuil sé fíordheacair ar Áisitheoirí sonraí meastóireachta a chruinniú muna bhfuil na healaíontóirí féin dáiríre faoi na tionscadail/imeachtaí a mheas leis na rannpháirtithe. Dealraíonn sé nár cruinníodh an oiread foirmeacha comhlánaithe agus a d'fhéadfaí in 2000 toisc gur fhág Áisitheoir sealadach Dhún na nGall a post go luath agus nach raibh Áisitheoir na Gaillimhe ag obair ach go páirtaimseartha ar feadh sé mhí agus go lánaimseartha ar feadh dhá mhí.

Cé is moite de na fadhbanna thuasluaite agus gur tháinig formhór na bhfoirmeacha chomhlánaithe isteach míonna tar éis an spriocdháta, chruinnigh na hÁisitheoirí 287 fhoirm chomhlánaithe in 1999 agus 203 in 2000. In 2000, socraíodh go mbeadh sé riachtanach ar ealaíontóirí a bhí páirteach sa chlár foirmeacha meastóireachta a chomhlánú. B'fhéidir gur dá bharr seo a mhéadaigh líon na n-ealaíontóirí a chomhlánaigh foirmeacha ó dáreág in 1999 go ceathrar is tríocha in 2000.

2.5.3 Trí fhoirm dhifriúla in úsáid ag rannpháirtithe

- Is fiú a áireamh go raibh an tiomsú agus an anailís coimpléascach de bhrí go raibh trí fhoirm dhifriúla in úsáid chun sonraí a bhailiú ó na 275 rannpháirtithe. D'úsáid 47 duine a bhí páirteach sna tionscadail ab fhaide an fhoirm chaighdeánach ceithre leathanach a dhear na meastóirí i gcomhar leis na hÁisitheoirí. Bhí foirmeach níos giorra in úsáid do na ceardlanna gearra. Chomhlánaigh 189 rannpháirtí foirm a dhear Áisitheoir do Scríobh Cleite. Agus chomhlánaigh 39 duine foirm a dhear Áisitheoir d'Éigse Dhiarmuid Uí Shuilleabháin. Chun tuilleadh mearbhail a sheachaint, dhear agus d'aontaigh an fhoireann meastóireachta agus na hÁisitheoirí foirm chaighdeánach d'osaigh a ghlac páirt i dtionscadail gearra i mí Feabhra 2000. Lena chois sin, cuireadh foirm chaighdeánach le chéile do pháistí.
- In 2000, chomhlánaigh seisear páistí is ochtó an fhoirm chaighdeánach aon leathanaigh; chomhlánaigh aosach amháin is caoga an fhoirm chaighdeánach aon leathanaigh; agus chomhlánaigh cúigear déag daltaí scoile iarbhunscoile agus seachtar aosach déag an fhoirm chaighdeánach ceithre leathanaigh.

2.5.4 Tuairisc mhíosúil

Rinneadh dhá iarracht chun fíoraí do thuairisc mhíosúil a shocrú a ghiorródh an t-am a bhí á chaitheamh ag comhlánú tuairiscí/foirmeacha. Go deimhin bhíothas ag súil go bhféadfaí tuairisc mhíosúil a chur le chéile ó fhoirmeacha tionscadal na n-Áisitheoirí. Chuirfeadh sé saghas seicliosta ar fáil den eolas atá ag teastáil mar gheall ar gach tionscadal ionas go bhféadfadh an tuairisc bhliantúil leas a bhaint as eolas a cruinníodh ag an am. Bhí cúl na foirme ar fáil do fhonótaí.

Cé go raibh disciplín ag teastáil ó na hÁisitheoirí le go gcomhlánfaí na foirmeacha go rialta, chuidigh siad go mór chun monatóireacht a dhéanamh ar na cúig thionscadal déag a roghnaíodh don mheastóireacht. Ar chúis éigin, baineann na hÁisitheoirí úsáid fós as an tseanchóras tuairisce nach gcuimsíonn cuid de na ceistanna atá riachtanach don meastóireacht. (Léirigh

comhrá le hÁisitheoir tamall ó shin go m'fhéidir go mbainfidh siad triail go luath as an fóraí a chuir Oifigeach Ealaíon na Gaeltachta agus an meastóir le chéile). B'fhéidir gur féidir an fhoirm thionscadail d'Áisitheoirí a fhorbairt sa chaoi go mbeadh sé oiriúnach mar bhonn do thuairisc mhíosúil don Údarás agus don mheastóir sa tréimhse 2001-2003.

2.5.5 An gá leis an próiseas meastóireachta a bheith fite fuaite le cur chuige oibre na nÁisitheoirí, na n-ealaíontóirí Gaeltachta agus lucht comhordaithe na dtionscadal ealaíon

Chun cleachtadh ealaíon, idir thraidisiúnta agus chomhaimseartha, a chur chun cinn sa Ghaeltacht, ní mór an cineál faisnéise seo a chruinniú agus a chíoradh. Cé go mb'fhéidir go mbeidh cúnamh de dhíth ar na hÁisitheoirí sa ghearrthéarma agus iad iad ag imeascadh an mheastóireacht lena gcuid oibre siúd agus obair a gcomhleacuithe, táthar ag súil go fadtéarmach nach fada go mbeidh deireadh leis an riachtanas seo do thacaíocht.

Aithníonn na meastóirí tábhacht na n-Áisitheoirí, an Fheidhmeannaigh Fhorbartha Ealaíon, agus an Bhainisteora Forbartha Cultúir agus Teanga ó Údarás na Gaeltachta agus iad ag iarraidh an phróiseas meastóireachta a imeascadh le cur chuige oibre na n-Áisitheoirí.

3 AN TIONCHAR A BHÍ AG TIONSCADAIL NA N-ÁISITHEOIRÍ 1999 AGUS 2000

Tá tionscadail atá bunaithe ar na healaíona fiorthábhachtach do cháilíochta na beatha sa Ghaeltacht agus do shaol na Gaeilge ... rannpháirtí

3 BUNEOLAS

Acmhainn chumasach í an tsamhlaíocht nach n-úsáidtear i gcónaí sa saol laethúil. Táimid ag brath go mór ar ealaíontóirí chun a thaispeáint dúinn conas is féidir an tsamhlaíocht a chur chun fónaimh dúinn... rannpháirtí

Tá an roinn seo bunaithe go díreach ar fhaisnéis faoin tionchar a bhí ag na cúig thionscadal déag a measadh ar na rannpháirtithe agus na healaíontóirí a ghlac páirt iontu. Den 287 dhuine a ghlac páirt, ealaíontóirí ab ea dáréag díobh agus rannpháirtithe ab ea an 275 eile. Den 205 dhuine a bhí páirteach i dtionscadail mheasta in 2000, ealaíontóirí ab ea 36 díobh agus rannpháirtithe ab ea an 169 eile.

Ar na **Páirtithe Leasmhara** a raibh baint acu leis na tionscadail seo bhí na daoine a ghlac páirt sna tionscadail, na healaíontóirí a d'éascaigh na tionscadail, lucht comhordaithe, eagrais, gníomhaireachtaí a bhfuil cúram na n-ealaíon, forbairt phobail, an t-oideachas, na Gaeilge srl. orthu, agus b'iad na príomhchinn díobh seo ná:

Grúpaí pobail ar nós coistí a ghlacann cúram seanóirí orthu féin, clubanna óige, daltaí agus múinteoirí bunscoile agus iarbunscoile.

Ealaíontóirí, eagrais ealaíon, Siamsa Tíre, National Association of Youth Drama, Graffiti, Music Network.

Údarás na Gaeltachta, An Chomhairle Ealaíon, Comhlacht Pháirtíochta atá bunaithe sa Ghaeltacht (Meitheal Forbartha na Gaeltachta), Iomairt Cholmcille (eagrais a buníodh idir rialtais na hAlban, Thuaisceart Éireann agus Phoblacht na hÉireann, Comhairlí Contae Dhún na nGall, Mhuigh Eo, na Mí, Chorcaí, Chiarraí, Phort Láirge, Bord Iascaigh Mhara, coistí gairmoideachais, comhlachtaí áitiúla, boird sláinte, An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán, aonad oiliúna inseirbhíse na Ranna Oideachais agus Eolaíochta

Na meáin/cumarsáid: Raidió na Gaeltachta, TG4, RTÉ, BBC Northern Ireland, nuachtáin réigiúnacha...any other, E.g., need info on relevant Websites

Próifíl na rannpháirtithe lena n-áirítear aoisghrúpa 8–80, páistí, grúpaí ban, grúpaí measctha ban agus fear, múinteoirí scoile, seanóirí agus a bhfeighlithe, cainteoirí Gaeilge/Gaidhlighe ó Ghaeltachtaí anseo agus in Albain, páistí a bhfuil míchumas foghlamtha acu, ealaíontóirí ag comhoibriú/bainteach i malartuithe scileanna agus forbairt ghairmiúil le healaíontóirí eile.

Na **Múnlaí Ealaíne** a trialleadh ná Léiriú, na Dearcealaíona agus an Litríocht, ar bhealaí traidisiúnta agus comhaimseartha.

Próifíl na n-ealaíontóirí

Tá taithí ar a múnla ealaíne féin a bheag nó a mhór ag na n-ealaíontóirí atá páirteach sna tionscadail. Is léir go bhfuil dhá chineál ealaíontóir ann:

- Iadsan a fhéachann orthu féin mar ealaíontóirí aonair ach ar mian leo a múnla ealaíne féin a fhorbairt agus a gcion féin a dhéanamh chun ealaín dhifriúil Ghaeltachta a chothú, agus a théann ag obair le scoileanna nó le grúpaí pobail ó am go chéile.

- Iadsan a fhéachann orthu féin mar ealaíontóirí pobail agus ar mian leo cothromaíocht a bhaint amach idir iad féin a fhorbairt mar ealaíontóirí agus cruthaitheacht agus samhlaíocht mhuintir na Gaeilge a mhúscailt agus a chothú.

3.1 Na cúig chuspóir a bhí leis an gclár

Na cúig chuspóir a bhí leis an gclár, creat a bhí iontú do thiomsú agus anailís na sonraí. An fhaisnéis faoi gach cuspóir, tagraíonn sé sin do na torthaí dearfacha agus do shamplaí a thaispeánann gur baineadh amach an cuspóir. Críochnaíonn an Roinn seo le ceisteanna agus fadhbanna eile.

‘Ag cur deachleachtadh chun cinn i ngníomhaíochtaí ealaíon idir chomhaimseartha agus thraidisiúnta atá bunaithe ar an teanga’

3.1.1 Torthaí dearfacha agus samplaí a léiríonn gur éirigh leis an gcuspóir

Is léir gur éirigh leis na tionscadail dea-chleachtadh a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí ealaíon comhaimseartha agus traidisiúnta a bhí bunaithe ar an teanga. An fhaisnéis a cruinníodh a léiríonn dea-chleachtadh ná: forbairt ar shamhlaíocht agus ar chruthaitheacht na rannpháirtithe; forbairt ar a gcuid scileanna ealaíonta; athrú beartais i measc lucht maoinithe maidir le cistiú ilbhliantúil do thionscadail. Mar shampla, tá An Chomhairle Ealaíon ag cur cistiú trí bliana ar fáil do Scríobh Cleite, sraith de cheardlanna sa scríbhneoireacht chruthaitheach i scoileanna dara leibhéal trasna na Gaeltachta.

In 1999 chuidigh clár oiliúna trí seachtaine i scileanna aisteoireachta chun tuilleadh malartuithe gairmiúla a bhunú idir ealaíontóirí pobalbhunaithe agus oibríthe ealaíon atá ar oiliúint ó nGaeltacht agus ó thíortha ina labhraítear Gaidhlig.

I gcaitheamh 2000 tháinig roinnt tionscadail ardaidhmeannacha ar an bhfód, a raibh fíis agus plean gnó acu. Bhí scóip fhairsing ag na tionscadail seo ó chleachtadh ealaíon pobail go forbairt ealaíon ghairmiúil d’ealaíontóirí ar nós máistircheardlanna i múnlaí ealaíne ar leith agus an teicneolaíocht dhigiteach san áireamh, go comhoibriú idirdhisciplíneach trasna múnla ealaíne amháin nó níos mó. Tá tionscadal pólótach do sheandaoine agus cur chuige iomlánaithe i dtaobh obair chruthaitheach a dhéanamh le páistí a bhfuil míchumas orthu tar éis a theacht as cur chuige páirtíochta idir ealaíontóirí agus a mboird sláinte féin. Na healaíontóirí atá ag obair i réimse an chleachtaidh ealaíon pobail, dealraíonn sé go bhfuil saibhreas taithí, idir deich agus fiche bliain i gcásanna áirithe, ag cuid mhaith acu ar a bheith ag éascú na cruthaitheachta.

Tá sé ráite ag cuid de na healaíontóirí, trasna na múnlaí ealaíne, go bhfuil siad an-dáiríre faoi mheas ar an teanga agus ar chultúr na Gaeltachta a chothú, go háirithe i measc an aosa óig.

Den seisear is tríocha ealaíontóir a bhí páirteach i bpróiseas meastóireachta 2000, ghlac cúigear is fiche ealaíontóir páirt i dtionscadail le rannpháirtithe. Bhain dáréag úsáid as an nGaeilge mar theanga oibre i gcaitheamh na dtionscadal agus d’úsáid an ceathrar déag eile an dá theanga. Bhí ceathrar is fiche páirteach i gcleachtadh ealaíon pobalbhunaithe roimhe seo. Dar le seisear déag bhí páirt sách mhór acu i bpleanáil na dtionscadal. Bhí siad uilig den tuairim go raibh caighdeán ealaíonta na dtionscadal an-ard, agus gurb amhlaidh i gcás an spéis a léirigh na daoine a ghlac páirt iontu.

3.1.2 Cruthaitheacht á léiriú trí Ghaeilge

Thug an scríbhneoireacht chruthaitheach féinmhuinín dom i dtaobh mo chuid smaointe féin ...d'athraigh sé an meon a bhí agam i leith na Gaeilge, i leith an chultúir agus an traidisiúin,

Sraith ceardlanna don scríbhneoireacht chruthaitheach is ea an tionscadal Scríobh Cleite in iarbhunscoileanna na Gaeltachta, agus is scríbhneoirí atá ar aithne ag an bpobal atá ina mbun. Go dtí seo, bhí scríbhneoirí i mbun ceardlanna i ngach ceann de na trí réigiún Gaeltachta. Cruinníodh sonraí ó 189 (1999) +15 (2000) páistí scoile i nGaeltacht na Mumhan a ghlac páirt sna ceardlanna.

Chuir an tionscadal Scríobh Cleite ar a súile do dhaltaí iarbhunscoile cé chomh cumasach is atá litríocht na Gaeilge agus spreag sé iad chun tabhairt faoi scríbhneoireacht i nGaeilge. Chuir beagnach leath de na rannpháirtithe feabhas ar a gcuid scileanna sa teanga (92 as 189 in 1999 agus 10 as 15 in 2000) agus is féidir leo iad féin a chur in iúl níos fearr anois trí Ghaeilge agus tá tuiscint níos fearr acu ar an gcultúr Gaelach. Leanadh leis an dea-scéim seo in 2000 i nGaeltacht na Mumhan, le ceardlanna a d'éascaigh scríbhneoirí a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu a ndearnadh a gcuid saothair Ghaeilge a aistriú go teagacha eile.

D'admhaigh ealaíontóirí a bhí ag éascú tionscadail sa léiriúchán agus sna dearcealaíona go dtáinig feabhas ar a gcuid scileanna i réimsí éagsúla agus forbairt teanga san áireamh. Tá cuid mhaith díobh tar éis a rá gur mhaith leo feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge trí fhreastal ar ranganna Gaeilge. Thug cuid acu faoi deara gur beag ranganna atá ann do dhaoine a bhfuil cumas áirithe sa Ghaeilge acu cheana féin agus go bhfuil oiliúint de dhíth orthu le go mbeadh siad in ann a gcuid oibre a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

3.1.3 Ag cothú rannpháirtíochta i measc an aosa óig

B'é an toradh ar an dea-chleachtadh a cuireadh chun cinn i rith dianchúrsa trí seachtaine i léiriú drámaí ná: Scileanna drámaí agus léirithe i measc an aoisghrúpa 17–25; beirt de na healaíontóirí a bhí ag dul faoi oiliúint á fhostú ag Teilifís na Gaeilge agus Radio na nGael; níos mó rannpháirtíochta ag daoine óga i ndrámaí. In 2000 reáchtáladh cúrsa eile in Albain faoin scéim Theatre in Education. D'eascair an cúrsa seo as cúrsa a reáchtáileadh in Éirinn roimhe sin. Cé nach raibh faisnéis faoi thionchar an chúrsa ar fail don tuarascáil mheastóireachta seo, b'fhiú don chomhordaitheoir ealaíontóir cuí a bhreacadh síos cad a foghlaimíodh agus conas mar a chuaigh an cúrsa i gcion ar ghníomhaíochtaí ealaíon teangabhunaithe i gcás na gcainteoirí Gaeilge/Gaidhlighe seo ó Alba agus Éire. D'fheadfadh na hÁisitheoirí an fhaisnéis seo a úsáid mar phointe thagartha chun tuilleadh malartuithe cultúrtha á fhorbairt idir an aos óg in Albain agus in Éirinn.

Bunaíodh staidéar indéantachta féachaint arbh fhéidir Amharclann Óige a bhunú i nGaeltacht na Mumhan agus is as sraith de cheardlanna drámaíochta do dhaoine óga a tháinig an smaoinemh seo. Cothaíodh meas ar an litríocht Ghaeilge i gceardlann inar mhúin scríbhneoirí a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu scileanna na scríbhneoireacht chruthaithe, agus spreagadh beagnach 200 dalta scoile chun tabhairt faoi ghiota scríbhneoireachta chruthaithe i nGaeilge. Bhí sé le rá ag díne de na scríbhneoirí a d'éascaigh an ceardlann i scilanna scríbhneoireachta i nGaeltacht Chiarraí in 2000 a thábhachtaí is atá sé go mbeadh fíorcheangal ag na daoine óga leis an teanga taobh amuigh de chomhthéacs na scoile.

3.1.4 Ag cothú scileanna ealaíonta maraon le cumas an duine í/é féin a chur in iúl go cruthaitheach

Is léir gur fhoghlaim na rannpháirtithe scileanna ealaíonta mar aon leis an gcumas chun iad féin a chur in iúl go cruthaitheach. Chothaigh na tionscadail an tsamhlaíocht – dar le formhór na rannpháirtithe gur féidir leo iad féin a chur in iúl níos fearr anois go cruthaitheach agus go healaíonta. Spreagadh daoine chun dul sa tseans ar bhealach dearfach – bhain formhór díobh triail as rudaí nár thriail siad go dtí seo. Cuid riachtanach den phróiseas ealaíonta is ea an dul sa tseans.

3.1.5 Ag cur feabhas nach beag ar chleachtadh gairmiúil na n-ealaíontóirí

D'aontaigh 90 faoin gcéad de na healaíontóirí go dtáinig feabhas nach beag ar a gcuid cleachtadh gairmiúil trí a bheith páirteach sna tionscadail. Mheas gach ealaíontóir gur léirigh na rannpháirtithe spéis ard, agus ba dhóigh le 90% de na healaíontóirí go raibh na tionscadail ar chaighdeán maith ealaíontachta. Dúirt amhránaí a bhí i gcónaítheacht go bhfuair sí an-spreagadh ón obair a bhí ar bun aici ag éascú pobail le go bhféadfadh siad a dtraidisiún mór amhránaíochta a fhorbairt agus chur os comhair an tsaoil. Tá na scileanna nua idirphearsanta a ghnóthaigh sí óna cuid oibre ag cuidiú lei anois ina cuid oibre gairmiúil mar amhránaí agus taighdeoir ar amhráin thraidisiúnta. Chonacthas go raibh comhoibriú nuálach á fhorbairt idir ealaíontóirí sa tionscadal ceoil, Trasnú, agus sa tionscadal ar dhéantóireacht leabhair agus priontóireacht i gCló Ceardlann na gCnoc. Is cosúil go bhfuil gnéithe de na healaíona traidisiúnta agus comhaimseartha araon sna tionscadal seo.

3.2 Ag cothú forbairt an duine aonair agus an phobail trí mheán na n-ealaíon

3.2.1 Torthaí dearfacha agus samplaí a léiríonn gur éirigh leis an gcuspóir

Is léir go dtáinig méadú ar fhéin-mhuinín na ndaoine de thoradh a bheith páirteach sna tionscadail seo agus ag déanamh gnímh ar son an phobail.

3.2.2 An tionchar ar fhorbairt phearsanta agus ar imeascadh sóisialta

Tá fianaise ann gur tharla forbairt phearsanta agus imeascadh sóisialta sa mhéid go ndúirt 149 as 236 in 1999 go raibh siad níos siúráilte anois faoin méid is féidir leo a dhéanamh. Dúirt 112 as 236 gur chuir na tionscadail feabhas ar a gcuid scileanna cumarsáide. Ba dhóigh le 147 as 236 go bhfuil siad níos oile anois chun dul ag obair le daoine eile. Tá na scileanna nua seo ag cuidiú leo ina saol baile agus ina saol sóisialta – tá siad níos féin-eolasaí agus tá ionchais fhostaíochta níos fearr ag cuid de na haosaigh. Toradh amháin a bhí ar na féiltí agus scoileanna sna healaíona traidisiúnta ná gur malartaíodh scileanna agus scéalta idir óg agus sean. I dtionscadal puipadóireachta sna scoileanna rinneadh puipéid a léirigh a gcuid mothúcháin go soiléir agus músclaíodh spéis i stair an cheantair sin. Thug cosán dealbhóireachta spreagadh do pháistí deilbh a bhí ag dul leis an timpeallacht a chruthú agus chothaigh sé tuiscint níos fearr iontu ar an timpeallacht, leis.

In 2000, deir 76% den seisear is ochtó páistí a ghlac páirt sna tionscadail gur dóigh leo go bhféadfadh siad a gcuid scileanna nua a roinnt le páistí eile, agus deir 91% den triúr aosach is ochtó a bhí páirteach go bhfuil siad níos siúráilte anois faoin méid is féidir leo a chur i gcrích.

Tionscadal i nGaeltachta Chiarraí is ea *Enabling through Art* a oibríonn ar bhealach iomlánaithe le páistí a bhfuil míchumas orthu agus le páistí a bhfuil lúth na gcorp acu araon. D'fhorbair na páistí a gcuid cruthaitheachta agus a gcuid scileanna sóisialta trí phuipeadóireacht agus trí thaispeántas Nollaig sa séipéal áitiúil. Bhí sé le rá ag cuid mhaith acu go raibh tuiscint níos fearr acu ar mhíchumais pháistí eile anois agus gur mhór leo bualadh le páistí eile a bhí i gcathaoireacha rotha freisin.

B'fhiú go mór dá bhféadfaí a mheas thar thréimhse ama an tionchar, más ann dó, atá ag na gníomhaíochtaí ealaíon seo ar fhorbairt phearsanta agus ar imeascadh sóisialta. Mar shampla, an bhfuil imeascadh ag tarlú fós idir páistí le míchumas agus páistí a bhfuil lúth na gcorp acu i nGaeltacht Chiarraí? Seans go mbíonn athrú chun feabhais ann le linn tionscadail ealaíon ach ní cinnte go leantar leis tar éis an tionscadail gan tacaíocht agus misniú leanúnach.

3.2.3 An tionchar ar fhorbairt phobail (bunaithe ar na healaíona)

Ag cur struchtúir chomhpháirtíochta le chéile agus ag pleanáil go straitéiseach
Tá an National Association of Youth Drama agus gairmigh agus grúpaí pobail ón nGaeltacht i mbun pleanáil straitéiseach don todhchaí faoi láthair. Tá deontas do staidéar indéantachta ceadaithe dó ag Údaras na Gaeltachta chun taighde a dhéanamh ar a inmharthana is a bheadh sé Amharclann Óige a bhunú sa Ghaeltacht. Táthar tar éis struchtúir chomhpháirtíochta, a chuireann na healaíona chun cinn ar mhaithe le forbairt phobail, a chur ar bun i ngach réigiún Gaeltachta. Tá tacaíocht ar fáil do ghrúpaí agus pobail imeallacha ó pháirtithe a bhfuil cúram orthu forbairt phobail a chur chun cinn. Mar shampla, tá Comhairlí Contae, Boird Sláinte agus Meitheal Forbartha na Gaeltachta, (an comhlacht comhpháirtíochta atá bunaithe sa Ghaeltacht) tar éis tacú le tionscadail a chuireann na healaíona chun cinn i measc seanóirí agus i measc páistí i scoileanna tuaithe.

I gcomhthéacs náisiúnta, tá clár tacaíochta um fhorbairt phobail ag an Roinn Gnóthaí Sóisialta, Pobail agus Teaghlaigh a bhfuil breis is 130 Tionscadal Forbairt Phobail faoina chúram ar fud na hÉireann. Tá ceann de na tionscadail seo suite i nGaeltacht Chonamara agus is féidir gurb é an t-aon Tionscadal Forbairt Phobail faoi láthair ina bhfuil an pleanáil agus na gníomhaíochtaí go léir ag tarlú i gcomhthéacs ealaíon agus Gaeltachta.

Ní miste a rá go bhfuil an tÚdarás ag maoiniú anailís ar an tionscadal seo faoi láthair, agus ag an am céanna tá an Roinn Gnóthaí Sóisialta, Pobail agus Teaghlaigh ag bunú Gníomhaireacht Tacaíochta Speisialtóra do na hEalaíona a bhfuil sé mar aidhm aige:

Acmhainneacht na hearnála Forbairt Phobail agus frithbhochtaine a fhorbairt agus a fheabhsú le gur féidir leo leas a bhaint as na healaíona agus gníomhaíocht chruthaitheach a úsáid
Idirghabháil a dhéanamh idir an earnáil ealaíon agus an earnáil fhorbairt phobail
An pobal a chur ar an eolas mar gheall ar luach na healaíona agus an tábhacht atá le gníomhaíocht chruthaitheach nuair atá pobal á fhorbairt agus nuair atáthar ag obair i gcoinne na bochtaine.

An tacaíocht a fhaightear ó Údarás na Gaeltachta, An Chomhairle Ealaíon agus an Roinn Gnóthaí Sóisialta, Pobail agus Teaghlaigh le chéile, is maith an bonn é sin chun cleachtadh ealaíon nuálach a fhorbairt le pobail sa Ghaeltacht. Go deimhin, d'fhéadfadh tionscadal pólótach ina mbeadh na trí pháirtí seo páirteach cleachtadh ealaíon pobail a chíoradh agus a mheas i dTionscadal Forbairt Phobail sa Ghaeltacht.

Ar an talamh

Ghlac seanóirí na Gaeltachta, nach mbíonn deis acu de ghnáth dul ag péinteáil, le correisceacht, páirt ghníomhach sa tionscadal peinteála agus chuir siad a gcuid saothair ar taispeántas. Trí a bheith páirteach sa phróiseas cruthaitheach, thuig siad go raibh cuid mhaith le bronnadh acu ar a bpobal féin. In 2000 d'fhostaigh tionscadal píolótach, Doras, Conamara, a fuair tacaíocht ón mBord Sláinte agus ó Údarás na Gaeltachta ealaíontóir/múinteoir oilte agus socheolaí chun struchtúr agus dearadh cúrsa a fhorbairt a fhreastalódh ar na riachtanais áirithe atá seanóirí sa phobal. Gné amháin den tionscadal seo is ea ceardlanna faisnéise agus oiliúna a reachtáil do dhaoine atá ag obair nó ar mhaith leo a bheith ag obair le seanóirí. Gné eile ná sraith de cheardlanna in gConamara a thug seirbhís fhor-rochtana do sheanóirí. Críochnaíonn an tionscadal píolótach seo i Márta 2000, agus tá meastóireacht ar siúl faoi láthair maidir le cleachtadh agus gnáthamh.

Is eol go maith don choiste áitiúil a eagraíonn féile ealaíon pobail tuaithe, *Borradh an Fómhair*, gur fiú go mór próisis agus gníomhaíochtaí ealaíon pobail a úsáid chun sainiúlacht phobail Ghaeltachta a cheiliúradh. Bhreac agus mheas na heagraitheoirí an tionchar a bhí ag an féile le cabhair foirmeacha meastóireachta na n-Áisitheoirí. Bhí na torthaí an-dearfach maidir leis an bpobal ina iomláine agus de réir na n-ealaíontóirí lena n-áirítear baill chompántais amharclannaíochta Francach, a ghlac páirt san fhéile. Anois, mar thoradh ar an pobal a bheith páirteach san fhéile aon seachtaine seo, tá imeachtaí bliana sa drámaíocht agus sna dearcealaíona á bpleanáil le tacaíocht ón Áisitheoir agus ó Oifigeach Ealaíon an Chontae. Is fiú a thabhairt faoi deara gur oibrí áitiúil fhorbairt phobail atá ag tiomáint an tionscnaimh seo.

An cosán dealbhóireachta, *Cosán Glas* a chruthaigh ealaíontóirí agus páistí áitiúla, tháinig cairdeas nua as seo maraon le hobair ealaíon a d'oibrí do láithreacha áirithe agus ar féidir le muintir na háite agus turasóirí taitneamh a bhaint astu ar feadh na míonna. Tháinig borradh faoi chomhoibriú i measc ealaíontóirí, Údarás na Gaeltachta, comhairlí contae, grúpaí pobail áitiúla agus coistí féile agus iad ag pleanáil agus ag cur tionscadail ealaíon pobail i ngníomh. De thoradh líonraíocht neamhfhoirmeáilte i measc na nAmharclanna Óige, éascaitheoirí agus grúpaí pobail laistigh den Ghaeltacht tá borradh tagtha faoi smaointe nua maidir le bealaí chun forbairt an duine aonair agus an phobail a chothú trí mheán na n-ealaíon.

3.3 Ag cur sainmhodhanna ealaíonta na Gaeltachta chun cinn, maraon le tuiscint ar an tionchar atá ag na healaíona seo ar chleachtas na n-ealaíon comhaimseartha in Éirinn agus ar a n-ionad i nuachultúr na hÉireann

3.3.1 Torthaí dearfacha agus samplaí a léiríonn gur éirigh leis an gcuspóir

Is léir gur chuidigh cuid de na tionscadail chun sainmhodhanna ealaíonta na Gaeltachta a fhorbairt is a chur chun cinn. Mar shampla, tá sé ráite ag páistí a ghlac páirt sa tionscadal sa scríbhneoireacht chruthaitheach Scríobh Cleite go bhfuil meas níos mó acu ar luach agus ar shainiúlacht an dáin Ghaeilge ón uair go raibh siad páirteach sa tionscadal.

3.3.2 Smaointe nua á spreagadh ag cuntas comhaimseartha den saol i nGaeltacht Dhún na nGall smaointe nua

Chuir tionscadal páirtíochta idir Údarás na Gaeltachta agus Comhairle Contae Dhún na nGall dearcealaíontóirí Ghaeltacht Dhún na nGall chun cinn trí shraith de thaispeántais

chomhordnaithe. Chonacthas cuntas comhaimseartha de shaol na ndaoine i nGaeltacht Dhún na nGall a bhí inchurtha leis an gcuntas a fhaightear tríd an gceol traidisiúnta. De réir dealraimh, tá sé tar éis an pobal a chur ar an eolas maidir le sainmhodhanna ealaíonta na Gaeltachta agus tuiscint a thabhairt dóibh ar ionad na n-ealaíon sin i nuachultúr na hÉireann. In 1999 chuaigh an taispeántas ar camchuart go dtí laithreacha Gaeltachta, go dtí Litir Cheanainn, go Baile Átha Cliath agus go Conamara, agus in 2000 go dtí an Ghearmáin agus an Fhrainc. Dar le Cathal Ó Searcaigh, file Gaeilge a bhfuil cáil air go hidirnáisiúnta, san aiste a scríobh sé mar réamhrá leis an gcatalóg Súil na Gaeltachta, chuidigh na healaíontóirí seo gona gcuid pictiúirí, táipéisí agus dealbhóireachtaí chun borradh agus bíogacht a chur faoi shaol na Gaeltachta. Mar thoradh ar an tionscadal seo, tá Áisitheoir na Mumhan i gcomhar le Crawford Municipal Gallery agus Siamsa Tire ag féachaint ar bhealaí spéisiúla chun an tsamhail seo a chur in oiriúint. Ceann de na smaointe atá á phlé ná grúpa dearcealaíontóirí a thabhairt le chéile do shraith ceardlanna cruthaitheacha ar théama áirithe agus é faoi stiúir coimeadaí gairmiúil ó ghailearaí. D'fhéadfaí raon de mheáin a oireann de na dearcealaíona a úsáid anseo chun scrúdú a dhéanamh ar na sainmhodhanna ealaíonta is coitianta sa Ghaeltacht maraon le diancheardlann ar conas obair a dhoiciméadú go gairmiúil.

Tá tuiscint choiteann ann gurb fhiú go mór d'ealaíontóirí obair a chur ar taispeántas in Súil na Gaeltachta agus d'infheistigh Údarás na Gaeltachta cuid mhaith acmhainní in eagrú an seó. Mhol na healaíontóirí sin a ghlac páirt go mbeadh deis acu bualadh le Oifigeach Ealaíon na Gaeltachta agus Áisitheoir Dhún na nGall chun tionchar an taispeántais a mheas, an bealach ar aghaidh a phléannail agus líonraíocht a dhéanamh lena chéile.

Cumar

Chruthaigh Cumar, seachtain de mháistir-ranganna sa cheol traidisiúnta, conas mar a chuidigh tionscadal le cleachtas comhaimseartha na n-ealaíon in Éirinn. Thug Cumar ardán d'ealaíontóirí áitiúla taobh le taobh le healaíontóirí náisiúnta. Cuireadh leabhar de phortanna traidisiúnta grádaithe le chéile agus tá siad anois in úsáid sa scoil cheoil áitiúil, An Gaelacadamh i gConamara. Tá feabhas tagtha ar chaighdeán na hoiliúna ó tugadh roinnt oiliúna i scileanna teagaisc do na múinteoirí traidisiúnta. Fuair ceoilteoirí óga oiliúint a bhí ar ardchaighdeán, maraon le deiseanna chun a gcuid ceoil a sheinnt go poiblí. De thoradh comhoibriú idir Cumar, An Gaelacadamh, Pléarácha, Údarás na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon tá coiste áitiúil níos éifeachtaí curtha ar bun a bhfuil sé de chuspóir aige sainmhodhanna ealaíonta na Gaeltachta a chur chun cinn mar aon lena chion féin a dhéanamh do chleachtadh ealaíon comhaimseartha na hÉireann agus áit a ghnóthú dó i nua-chultúr na hÉireann.

Trasnú

In 2000 d'fhas *Trasnú*, (Crossing) seó a cruthaíodh d'Amharclann an Ghrianáin agus don aonach trádála idirnáisiúnta, Expo 2000, in Hanover, as dianchaidreamh aon seachtaine idir ealaíontóirí Gaeltacht a bhfuil ardcháil orthu – file/rinceoirí/amhránaithe agus an grúpa clúiteach sin, Altan. Spreagadh an file a bhí páirteach, Cathal Ó Searcaigh, chun dhá dhán a scríobh ar théama an Trasnaithe agus tá said le léamh sa leabhar filíochta is déanaí uaidh.

Mná na Sceilge

Ar bhonn níos áitiúla agus níos pearsanta, tá grúpa ban ó aois a ceathracha go dtí na hóchtóidí, in éineacht le healaíontóir áitiúil, tar éis teacht le chéile do cheardlanna péintéireachta ar feadh cúig bliana. I nbliana, bhain siad úsáid as staidéar indéantachta chun taispeántas a eagrú in

Siamsa Tíre, Trá Lí agus tionscadail a eagrú amach anseo. Cé gur thaisteal muintir na háite go Trá Lí d'oscailt thaispeántas na bliana seo, bhí díomá ar an ngrúpa gur tháinig a laghad sin daoine ó Thrá Lí agus ón gceantar máguaird. Ach ghríosaigh an eachtra seo iad chun píosa ealaíne pobail a chruthú dóibh féin, dá bpáistí agus dá gclann clainne go príomha. De bhrí go bhfuil an Ghaeilge agus na scéalta a instear inti an saibhir go deo, b'fhéidir gur i bhfoirm deardhialann a bheidh an píosa seo chun sainslí bheatha Gaeltachta a thaifeadadh agus a cheiliúradh. Is cuimhin le beirt de na mná is sine an lá a d'fhág an bád deiridh *Oileán na gCapall*, leis na háitribhígh dheiridh. D'aithin siad gur gá dul i dteagmháil le healaíontóirí, scríbhneoirí agus pobail Ghaeltachta eile agus foghlaim uathu agus seans go bhfuil siad ar an eolas faoi seo de bhrí go bhfuil siad ina gcónaí i gCiill Rialaig, mar a bhfuil ionad ealaíontóirí.

3.4 Ag tacú le healaíontóirí agus le heagrais agus le hinfrastruchtúr ealaíon

Is léir gur chuidigh roinn tionscadal chun tacaíocht a chur ar fáil d'ealaíontóirí, d'eagrais ealaíon agus d'infrastruchtúr.

3.4.1 Ag tacú le healaíontóirí

Deir na healaíontóirí go léir a bhí páirteach i dtionscadail go bhfuil smaointe agus taithí nua fachta acu a athróidh a gcleachtadh oibre. Tá feabhas nach beag curtha acu ar a gcleachtadh gairmiúil trí scileanna nua cruthaitheacha a fhorbairt agus teagmhálacha nua gairmiúla a dhéanamh. Leis na scileanna nua d'éirigh le leath de na healaíontóirí a ghlac páirt sna tionscadail obair eile a fháil i scoileanna, le grúpaí pobail nó chuidigh sé leo a gclár ceardlainne féin a chur le chéile. D'fhoghlaim ceoltóirí traidisiúnta ón gceantar scileanna múinteoireachta agus éascaíochta ionas gur féidir leo a gcuid fonn a roinnt ar bhealach níos éifeachtaí. Léargais úra a fuarthas ó a bheith ag obair le páistí ar chosán dealbhóireachta, d'athraigh siad seo na tuairimí a bhí ag cuid de na healaíontóirí maidir leis na hábhair nádúrtha atá oiriúnach d'obair ealaíon ar láthair ar leith.

Ós rud é go raibh ealaíontóirí páirteach i gclár na n-Áisitheoirí, réitigh sé seo an bealach do scéimeanna eile ag Údarás na Gaeltachta, dála an clár oiliúna Skills Net. Faoi láthair tá an clár seo ag cur comhairle ar dhá cheann de na heagrais ealaíon a bhí i gceist i gclár na n-Áisitheoirí faoi conas a dtairgí/seirbhísí a chur ar an margadh agus a chur chun cinn. Ar an gcaoi chéanna, tá cuid de na healaíontóirí a bhí páirteach ann níos fearr as anois ó thaobh deontais do thaighde, indéantacht agus margáíocht.

Bhí sé le rá agus cuid mhaith ealaíontóirí áitiúla go bhfuil aithne níos fearr orthu anois tar eis a bheith páirteach sna tionscadail agus go bhfuil níos mó oibre ealaíon ag teacht ina dtreo anois maille le deiseanna chun a gcuid saothair a chur ar taispeántais.

Chuidigh obair na n-Áisitheoirí go mór chun páirtíochtaí a fhorbairt laistigh den earnáil ealaíon agus idir é agus eagrais áitiúla eile. D'éirigh chomh maith sin le cuid de na tionscadail go gcuireann sé bonn maith faoi thionscadail a d'fhéadfaí a eagrú amach anseo, cé go bhfuil go leor le déanamh fós chun oideachas ealaíon agus soláthar oiliúna a chomhordnú.

3.4.2 Ag tacú le heagrais ealaíon

Chuidigh clár na n-Áisitheoirí le heagrais áitiúla beartais nua, pleananna agus cur chuige straitéiseach a chur le chéile. Mheas cuid de thionscnóirí na dtionscadal go raibh scoilteanna á gcruthú tríd an iomad den lárú agus gur ghá cur ina choinne trí aitheantas a thabhairt do na díbharraineachtaí scála atá i gceist nuair atá pobail tuaithe ag iarraidh rochtain a fháil ar na

healaíona agus ar láithreacha don lucht féachana. Sa chomhthéacs seo, thacaigh an clár le cuid mhaith staidéar indéantachta. Tá staidéar amháin díobh seo tar éis cuspóirí straitéiseacha, cuspóirí oibríochta agus plean gníomhaíochtaí a chur le chéile chun láthair chur ar fáil a bheadh faoi bhainistiú gairmiúil agus faoi chúram pobail agus ealaíontóra.

Méadaíodh freisin ar an gcumas eagrúcháin atá ag coistí féilte ar nós *Borradh an Fhómhair* agus tá córas meastóireachta i gceist leis anois chomh maith.

Chuidigh na tionscaddail chun an caighdeán a bhí ag eagrais ceoil a fheabhsú. Tá cúrsa i scileanna múinteoireachta curtha le chéile acu anois do cheoltóirí traidisiúnta. Roimhe sin, is múinteoirí neamhoibte a bheadh á bhfostú ag an scoil sin chun an ceol traidisiúnta a mhúineadh.

B'fhéidir gur de bharr na dtacaí thuas atá ag éirí le roinnt eagrais ealaíon Ghaeltachta maoiniú reatha a fháil ón gComhairle Ealaíon agus maoiniú ACCESS ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán in 2000.

3.4.3 Ag tacú le infrastruchtúr ealaíon

Tá fianaise ann go bhfuil an comhoibriú ag dul i méid idir pháirtithe an chláir, Údarás na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon, atá ag maoiniú gnéithe difriúla den tionscadal céanna nó den eagrais ealaíon céanna. Thug An Chomhairle Ealaíon deontas ioncaim chun tacú le clár le rochtain oscailte i dtionscaddail idirdhisciplíneacha déantóireachta leabhair agus na príontóireachta. Tá staidéar indéantachta, faoi choimirce an Údaráis, ar siúl san ionad príontóireachta sin féachaint an féidir acmhainn a fhorbairt go háitiúil ina mbeadh scileanna i dteicneolaíocht na ndearcealaíon ar fáil maille le cleachtadh na healaíne comhaimseartha. Ar an gcaoi chéanna tá ionad ealaíon áitiúil á maoiniú ag an dá pháirtí maidir le gnéithe difriúla dá gcuid oibre – thacaigh Údarás na Gaeltachta le staidéar indéantachta agus d'íoc siad 80% den chíos agus d'íoc An Chomhairle Ealaíon na costais taispeántais.

Tá an caidreamh oibre idir na comhairlí contae agus an tÚdarás chomh foirfe sin anois go bhfuil seans ann go dtiocfadh an t-oifigeach ealaíon cuí agus na hÁisitheoirí le chéile chun pleanáil bhliantúil nó ilbhliantúil a dhéanamh chun tacú le gnéithe difriúla de thionscaddail phíolótacha áirithe sa Ghaeltacht. In 2000 d'oibrigh na páirtithe seo le chéile chun tacú le *hAisling Gheal*, cónaitheacht d'amhránaí i Muscraí, trí mhaoiniú chomhionann a chur ar fáil don tionscadal.

An líonraíocht a tharla idir ghrúpaí pobail agus idir ealaíontóirí sna Gaeltachtaí difriúla agus i dtíortha Ceilteacha eile, chuidigh sé seo chun infrastruchtúr ealaíon a fhorbairt ar bhealaí nua.

3.5 Ag cothú tuiscint ar chomhdhéanamh cultúrtha agus riachtanais na Gaeltachta agus ag cur freagairtí oiriúnacha i ngníomh.

3.5.1 Torthaí dearfacha agus samplaí a léiríonn gur éirigh leis an gcuspóir

Is léir gur chuidigh uimhir bheag tionscaddail chun tuiscint a chothú maidir le comhdhéanamh agus riachtanais chultúrtha na Gaeltachta agus chun freagairtí oiriúnacha a chur i ngníomh.

Tá freagairtí oiriúnacha do riachtanais chultúrtha na rannpháirtithe á gcur i ngníomh san idirbheartaíocht idir ealaíontóir agus rannpháirtí, ach go háirithe. Mar shampla, b'fhacthas do phobal i gCiarraí a bhí páirteach i gcónaitheacht rince na féidearthachtaí a bhí ann do nascadh

idir an nua-rince agus an rince traidisiúnta. Bhí an-spórt ag grúpa páistí ag gabháil do dhealbhóireacht láibe i gclós na scoile agus dá thoradh sin, tá fonn ar na páistí sin a bheith níos gníomhaí maidir le cosaint na timpeallachta nádúrtha.

Mar fhreagairt chuí ar éileamh ón óige do bhreis cheardlanna ealaíonbhunaithe tá clár ealaíon séasúrtha beartaithe don óige. D'éiligh muintir na Gaeltachta níos mó dearcealaíon agus táthar ag freastal ar an éileamh sin le cláir bhliantúla de thaispeántais nua-ealaíne i réigiúin áirithe.

Is dóigh le beagnach gach ealaíontóir anois go bhfuil tuiscint níos fearr acu ar chultúr na Gaeltachta agus go bhfuil siad níos faichillí maidir le riachtanais na rannpháirtithe. Sampla de fhreagairt chuí ná an cur chuige feiliúnach agus na téamaí aitiúla a úsáideadh i gcónaitheachtaí Damhsóireachta, Scríbhneoireachta agus Amhránaíochta; ceardlanna puipeadóireachta, ceardlann sa scríbhneoireacht chruthaitheach, deilbh á gcruthú i gclár ealaíon sna scoileanna, déantóireacht leabhar nasctha le priontóireacht.

Tá fianaise ann gur éirigh an déantóir beartais níos eolgaí maidir leis an gcomhdhéanamh cultúrtha trí a bheith ag freagairt go faicheallach do riachtanais an phobail Ghaeltachta. Mar shampla, toradh amháin a bhí ar dheireadh seachtaine scéalaíochta, do thurasóirí go príomha, ar Oileán Chléire ná go bhfuil an t-Údarás, i gcomhar leis an bpobal áitiúil, ag beartú imeacht eile dá shórt a bheidh dírithe ar riachtanais ealaíonta an phobail áitiúil.

Tá an chosúlacht air go bhfuil ag eírí le níos mó eagrais ealaíon Ghaeltachta maoiniú reatha a fháil toisc na hiarratais ar chaighdeán níos airde ach freisin mar go bhfuil tuiscint níos fearr ag An Chomhairle Ealaíon ar chomhdhéanamh agus riachtanais na Gaeltachta.

De thoradh na tuisceana seo tá beartais agus straitéisí á bhforbairt ag an leibhéal náisiúnta a chuireann comhdhéanamh cultúrtha na Gaeltachta san áireamh. Mar shampla, i bplean ealaíon 1999 – 2001 leag An Chomhairle Ealaíon amach dhá straitéis déag agus dhearbhaigh ceann amháin go rabhthas chun tacú le healaíontóirí atá ag obair trí mheán na Gaeilge agus sna healaíona traidisiúnta le gur féidir leo lán n-acmhainneachtaí a úsáid agus méadú a chur ar an lucht féachana atá acu

Tá plean ealaíon straitéiseach curtha le chéile ag Údarás na Gaeltachta in 2000, a bheartaíonn méid áirithe tionscadal ar leith a bhunú ar bhonn píolótach chun freastal ar chomhdhéanamh cultúrtha agus riachtanais phobal na Gaeltachta. Mar shampla, níl aon compántas dúchasach ann faoi scéim Theatre in Education chun freastal ar scoileanna na Gaeltachta agus aithnítear gur laige é sin nuair atá ag iarraidh freastal ar pháistí áitiúla a bhfuil canúint ar leith acu. Tá sé beartaithe anois tacú le Amharclann dúchasach san Oideachas.

Ní miste a thabhart faoi deara freisin gur fhógair an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán *Scéim Rochtana* mar thacaíocht d'ionaid ealaíon agus chultúrtha ar fud na tíre. D'fhoilsigh sé freisin cáipéis comhairleach in 2000 – Towards a new framework for the Arts. *Marcáileann sé seo an tréimhse phoiblí san aithbhreithniú atá á dhéanamh ar reachtaíocht ealaíon agus ar an timpeallacht atá ann do chleachtadh na n-ealaíon. Tá ceisteanna eacnamúla agus sóisialta le cur san áireamh anois maidir leis an dtuiscint atá againn ar na healaíona agus an saghas tacaíochta a gcuirimid ar fáil dóibh, ceisteanna nár bhain le hábhar ar chor ar bith nuair a achtaíodh an reachtaíocht ealaíon. Is éard a dhéanfaidh an t-aithbhreithniú ná na tosca dearfacha agus riachtanacha a thug chomh fada seo muid a aithint agus modhanna agus cur chuige nua a shoiléiriú de réir mar atá gá leo sa chomhthéacs nua.*

Bhí áthas ar na rannpháirtithe go léir go raibh siad páirteach agus mheas nócha faoin gcéad díobh go raibh caighdeán na dtionscadal an-ard. In 1999 dúirt seasca faoin gcéad agus in 2000 dúirt caoga faoin gcéad díobh go raibh tábhacht le tacaíocht an Áisitheora chun deachleachtadh a chothú i dtionscadail ealaíon áitiúil. Dar le seachtó ocht faoin gcéad in 1999 agus ochtó ceathair faoin gcéad in 2000 tá sé tábhachtach go mbeadh cúnamh ar fáil ó Údarás na Gaeltachta agus ón gComhairle Ealaíon chun tionscadail ealaíon áitiúla a fhorbairt. Chreid ochtó a haon faoin gcéad díobh siúd a ghlac páirt sna tionscadail go mbeidh na healaíona tábhachtadh do thodhchaí na Gaeltachta agus ba mhaith le seachtó cúig faoin gcéad díobh páirt a bheith acu i bhforbairt na n-ealaíon sa Ghaeltacht.

3.6 Ceisteanna agus fadhbanna eile

3.6.1 Deacrachtaí le bainistíocht agus le cleachtadh

Maraon leis an eolas dearfach faoi thionchar na dtionscadal, léirigh an próiseas meastóireachta go raibh fadhbanna áirithe ann le riar an chlár féin. Bhain cuid de na fadhbanna le taithí na n-oibrith a bhí i gceist, mar shampla, leis an méid pleanála agus aithbhreithnithe a rinneadh roimh thosach an tionscadal agus le teirce na n-acmhainní a bhí ar fáil. Cé go raibh cuid mhaith pleanála i gceist leis an dá chúrsa seachtaine, ar éirigh chomh maith sin leo, níor deineadh aon iarracht chomhordnaithe cur chuige níos fadtéarmaí a fhorbairt maidir le clár oiliúna d'ealaíontóirí Gaeltachta atá ag obair i measc an phobail nó sna scoileanna. Laige eile i scoileanna agus i dtaithí na n-ealaíontóirí, ainneoin roinnt tionscadail mhaithe, ná a gcumas chun obair a dhéanamh le daoine óga atá imeallaithe, le seanóirí agus le daoine a bhfuil deacrachtaí foghlamtha acu.

Toisc a scaipthe is atá na ceantair thuaithe agus go bhfuil canúint dhifriúil ag páistí i ngach Gaeltacht ní raibh fáil go dtí seo ag páistí scoile ar Theatre in Education. Le dhá bhliain anuas, rinne compántas náisiúnta atá ag gabháil don obair seo iarracht an bhearna seo a líonadh trí chamchuartheanna a dhéanamh uair sa bhliain i scoileanna Gaeltachta áirithe. Ghlac na múinteoirí agus na páistí go fonnmhar leis na camchuartheanna seo, ach bhí fadhbanna ann toisc nárbh ionann an Ghaeilge a d'úsáid na haisteoirí agus an chanúint áitiúil; ní raibh aon chur amach ag an compántas ar na láithreacha scoile nó ar na múinteoirí; agus níor bhuntéacsanna a d'úsáid na haisteoirí ach aistriúcháin. Táthar ag tabhairt faoin gceist seo go luath in 2001 le staidéar indéantachta féachaint an fiú compántas gairmiúil teangabhunaithe (Gaeilge) a chruthú.

Ar an gcaoi chéanna, níor dearnadh gach tionscadal scoile in 1999 a phleanáil i dtreo an churaclam scoile imeasctha, nó níor aontaíodh cuspóirí soiléire agus gnásanna meastóireachta i gcomhar leis na scoileanna nó na grúpaí pobail, ach amháin i gcás nó dhó, roimh thosach an tionscadail. Leis an inchur ó dhá eagrais náisiúnta ealaíon, Graffiti Theatre in Education agus Music Network, cuireadh amharclannaíocht agus ceol ar churaclam roinnt scoileanna. Cé gur fhostaigh na compántais seo ealaíontóirí áitiúla ar uairibh, ní léir gur roinneadh treoir ríthábhachtach maidir le cuspóirí a shoiléiriú, gnáthaimh mheastóireachta a chuimsiú agus gníomhaíochtaí ealaíon a nascadh leis an gcuraclam.

I gcásanna eile tháinig na fadhbanna chun solais nuair ba ghá córais oiriúnacha a chur ar bun agus thóg sé an-chuid ama é sin a dhéanamh: lena chois sin, cnámh spairne idir ealaíontóirí agus Áisitheoirí nó an lucht maoinithe ab ea an mhoill a cuireadh ar íocaíochtaí na n-ealaíontóirí, uaireanta, tar éis dheireadh na dtionscadal. Tá sé tugtha faoi deara ag ealaíontóirí gur ídigh na

tionscadail roinnt mhaith dá gcuid ama, agus gur beag a bhí fágtha acu chun tabhairt faoina a gcuid oibre ealaíne féin.

3.6.2 Na dúshláin a ghabhann le cur chun cinn na n-ealaíon sa Ghaeltacht

Bhí fadhbanna eile ann le suíomh tuaithe na Gaeltachta féin. Mar shampla, cheal comhordú maith ar bhonn áitiúil, tharla sé go ndearnadh gníomhaíochtaí a phleanáil agus a chur i ngníomh go minic gan aon aird ar phrionsabail an fhorbairt phobail maidir le dul i gcomhairle agus táirge aontaithe. De bhrí go bhfuil an Ghaeltacht scaipthe, caitheadh an-chuid den am luachmhar ag taisteal ó áit go háit. Mar shampla, tá ceantar tíreolaíoch ag Áisitheoirí amháin a chlúdaíonn ceantair Ghaeltachta i gContaetha na Gaillimhe, Mhuige Eo, na hoileáin amach ó chósta an dá chontae seo agus Gaeltacht Ráth Cairn i gContae na Mí.

Ní nach ionadh, toisc gur clár forbartha a bhí ann, bhí frustrachas ann i measc na n-ealaíontóirí agus na rannpháirtithe de bhrí go raibh na tionscadail á dhéanamh ar bhonn píolótach amháin agus nach rabhthas cinnte cad a tharlódh amach anseo.

Na deacrachtaí a bhí ag Áisitheoirí coistí áitiúla a ghríosadh chun caighdeán arda agus obair ghairmiúil a bhaint amach, cistiú a fháil agus daoine a mhealladh go dtí máistir-ranganna, léirigh sé seo go raibh gá le cur chuige nua. Mar shampla, bheadh sé go maith anamóirí a chur ag obair ar an talamh ag tabhairt ceardlanna a d'fhéadfadh daoine triail a bhaint astu sna scoileanna nó i measc an phobail agus ag tacú le coistí bainistíochta agus iad ag iarraidh daoine a chur ar an eolas mar gheall ar an gcaoi a dtéann na healaíona comhaimseartha Gaeltachta i bhfeidhm ar chultúr na tíre ar fad. Tógann sé seo ceisteanna eile faoi chloíteacht i measc oibrithe atá ar bheagán tacaíochta nó atá obair i gceantair atá scoite amach mar aon le ceisteanna airgeadais, agus caitheann dul i gceann na gceisteanna seo. Cé go bhfuil fianaise éigin ann ó na tionscadail seo ar an gcaoi a théann ealaíona na Gaeltachta i bhfeidhm ar chleachtadh na n-ealaíon sa tír trí chéile agus ar an áit atá aige i gcultúr na hÉireann, is cosúil go bhfuil easpa fianaise ann ar nós léirmheasanna ar thaispeántais agus léirithe Ghaeltachta ó léirmheastóirí ealaíon seachtracha. B'fhéidir go bhféadfadh painéal roghnaithe do thaispeántas Súil na Gaeltachta malartú smaointe bíogúil a thosú amach anseo ar thábhacht na n-ealaíon Gaeltachta do chleachtadh na n-ealaíon go ginearálta in Éirinn.

Ar an gcaoi chéanna, toisc a laghad foirmeacha meastóireachta chomhlánaithe a bhí ar fáil ó chuid de na dearcealaíontóirí, scríbhneoirí agus ceoltóirí gairmiúla a bhí páirteach sna tionscadail níor tapaídh an deis chun fianaise a chruinniú a thabharfadh níos mó faisnéise dúinn maidir le tionchar na n-ealaíon Gaeltachta ar chleachtadh na n-ealaíon in Éirinn. Ní aon cheist ach go bhfuil saothair cuid mhaith de na daoine a bhí i mbun tionscadail, filí Cathal Ó Searcaigh agus Nuala Ní Dhomhnaill san áireamh, tar éis tionchar mór a imirt ar chleachtadh na n-ealaíon comhaimseartha in Éirinn. Neartaigh a bpáirt siúd i gclár na n-Áisitheoirí bród na bpobal Gaeltachta as na sainmodhanna ar leith a úsáideann muintir na Gaeltachta chun iad féin a chur in iúl go healaíonta.

Ó shonraí 2000 is léir go bhféadfadh malartuithe rialta idir tionscadail sna Gaeltachtaí éagsúla cuidiú go mór chun straitéis a fhorbairt agus na hacmhainní cuí a aimsiú atá riachtanach má táthar chun na tionscadail seo a fhorbairt agus a choimeád ar an bhfód. Mar shampla, d'fhéadfaí an obair ealaíon pobail atá á maoiniú i bpáirt ag Boird Sláinte a thaifeadadh agus le cúnamh ó sheiminéir thrasGhaeltachta ar na hEalaíona i gcúrsaí sláinte d'fhéadfaí breis maoiniú straitéiseach a chur chun cinn idir ealaíontóirí, eagrais pháirtí agus iadsiúd atá ag glacadh páirte sna tionscadail.

4 AN CHONCLÚID

4 Na rudaí a d'éirigh le clár na nÁisitheoirí a bhaint amach

An tsraith de chomhchuspóirí a d'aontaigh Údarás na Gaeltachta agus an Chomhairle Ealaíon, chuidigh sé seo chun creat a bhunú le gur féidir na healaíona traidisiúnta agus comhaimseartha a chur chun cinn sa Ghaeltacht

4.1 Na héachtanna a bhain le beartas

Tógann sé roinnt mhaith ama chun athruithe beartais a dhéanamh. Tá athruithe móra beartais curtha i gcrích sa dá eagrais seo a bhuíochas don chlár páirtíochta seo. Ghlac an dá eagrais leis na hEalaíona i nGaeilge mar cheann dá spriocanna beartais, agus b'é seo an chéad uair i stair na beirte eagrais.

Admhaíonn plean ealaíon 99 –2001 gur ghá straitéis fhorbartha le fócas ar leith chun tacú leis an healaíona Gaeilge, toisc a theoranta is a scaipthe is atá a lucht féachana agus na dísbharraineachtaí scála atá ann dá mbarr. Chuige seo beidh gá le páirtíochtaí a bhunú leis na gníomhaireachtaí sin a bhfuil an príomhchúram orthu i leith na Gaeilge, agus ar spéis leo na healaíona mar bhealach mar chuid de bheartas teanga agus dul i gcomhar le cleachtóirí atá taréis a dtréanímíní a chur in iúl faoina gcuid riachtanais fhorbartha féin mar ealaíontóirí agus atá ag éileamh go gcuirfí tacaíocht ar fáil dóibh mar chuid de ghrúpa níos mó de chleachtóirí ealaíonta (i gceachtar den dá theanga).

Aithníonn an plean straitéiseach atá ag Údarás na Gaeltachta don Ghaeltacht go bhfuil na healaíona traidisiúnta agus comhaimseartha lárnach san iarracht atá á déanamh pobal Gaeltachta inmharthana a fhorbairt agus a chaomhnú.

De bharr na hathruithe beartais seo, tá sé níos fusa maoiniú a ghnóthú ón dá eagrais. In 1999 d'éirigh le clár na nÁisitheoirí maoiniú ilbhliantúil a fháil ón gComhairle Ealaíon do Scríobh Cleite, sraith de cheardlanna sa scríbhneoireacht chruthaitheach sna scoileanna, atá á reachtáil trasna na Gaeltachta. Freisin in 1999, dháiligh Údarás na Gaeltachta buiséad cláir de £10,000 ar gach ceann de na hÁisitheoirí, a léiríonn aitheantas do gach atá bainte amach go dtí seo agus muinín sa phróiseas. In Nollaig 2000, d'aontaigh an dá pháirtí go gcuirfí maoiniú ar fáil ar feadh trí bliana eile den chlár páirtíochta seo.

Fianaise ar cé chomh maithe is atá ag éirigh leis an gclár is ea an tsuim de £1,302,000 atá geallta ag na páiritithe chun forbairt an chlár a mhaoiniú thar thréimhse trí bliana eile. Gan amhras cuideoidh na an tsuim mhór seo chun tuilleadh airgid a mhealladh ó eagrais pháirtíochta tábhachtacha eile dála na comhairlí contae, na boird sláinte, na coistí gairmoideachais srl. Is léir ó na sonraí meastóireachta go bhfuil gá le roinnt ionad do na healaíona fisiciúla agus don cultúr mar aon le saoráid cultúrtha taistil, toisc na Gaeltachtaí a bheith chomh scaipthe sin. B'fhéidir nár mhiste smaoinemh chruthaitheach úsáid chun leas a bhaint as na hacmhainní atá ann cheana féin.

- Tá pleanáil straitéiseach ar siúl i láthair na huair idir Údarás na Gaeltachta, eagrais náisiúnta, gairmigh agus grúpaí pobail Gaeltachta féachaint cén todhchaí a d'fhéadfadh a bheith ann do thionscadail ealaíon áirithe. Tá tacaíocht á fáil ó

pháirtithe a bhfuil cúram forbairt phobail orthu do thionscadail ealaíon atá ag freastal ar ghrúpaí agus pobail atá imeallaithe.

4.2 Na héachtanna a bhaineann le cleachtadh...

Mar thoradh ar chlár na nÁisitheoirí tá bailiúchán sonraí ar fáil anois a thugann léargas éigin ar thionchar sóisialta na n-ealaíon sa Ghaeltacht. Tá cur chuige cruthaitheach in úsáid maidir le meastóireacht agus leathnú an dea-chleachtaidh, i.e. déantar an méid a fhoghlaimítear ó thionscadal píolótach a mheas agus déantar critéir agus cuspóirí a aithbhreithniú sula dtéitear i mbun tionscadal eile dá shórt i réigiún eile. Ní aon cheist ach go bhfuil cuid de na daoine a bhí i mbun tionscadail, filí Cathal Ó Searcaigh agus Nuala Ní Dhomhnaill san áireamh, tar éis tuiscint níos feara a chothú i measc pobail áitiúla maidir le sainmhodhanna ealaíonta na Gaeltachta. Is iomaí rannpháirtí anois a aithníonn gur cuid tábhachtach dá saol laethúil í an ealaín. Chuir bainisteoir réigiúnda amháin in Údarás na Gaeltachta clár oiliúna oiriúnach le chéile d'ealaíontóirí, a thacódh le forbairt straitéiseach na n-ealaíon sa réigiún sin.

4.2.1 Cad nár éirigh leis a bhaint amach

Toisc na ceantair a bheith chomh scaipthe óna chéile agus easpa leanúnachais ar an talamh (de bhrí gur fhág beirt den triúr Áisitheoirí roimh am ar chúiseanna a bhaineann le héirí as go luath), níor cruthaíodh na cuspóirí, scéimeanna duaise nó critéir a theastódh chun tionscadail a mhaoiniú. Táthar chun aghaidh a thabhairt ar seo nuair a sheolfar clár 2001 agus nuair a scaipfear ábhar chur ar aghaidh mar gheall ar an gclár. Ón bhfianaise meastóireachta atá ar fáil, is cosúil go bhfuil gá le roinnt seiminéir straitéiseacha agus b'fhéidir comhdháil náisiúnta amháin mar chuidiú d'ealaíontóirí Gaeltachta, na heagrais atá i gceist agus iad siúd ar spéis leo páirt a ghlacadh sna tionscadail le gur féidir leo líonraíocht a dhéanamh le chéile, foghlaim ó na cás-staidéir atá ar siúl faoi láthair sna Gaeltachtaí, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Go deimhin is cosúil go bhfuil fonn ar cuid mhaith ealaíontóirí agus eagrais phobail páirt ghníomhach a ghlacadh i bpleanáil na n-imeachtaí seo.

Ag leanúint ar aghaidh uaidh seo, léiríonn fianaise mheastóireachta gur ghá Cás Staidéir de chleachtaí ealaíon éagsúla atá ar siúl sa Ghaeltacht a thaifeadadh. Tá sonraí bailithe ag an meastóireacht go dtí seo i dtaobh breis is tríocha tionscadal. D'fhéadfaí an fhoirm mheastóireachta seo ar shonraí na dtionscadal a fhorbairt agus a chur in oiriúint chun cleachtóirí a spreagadh chun a gcuid cás-staidéir a fhorbairt.

Cé go rabhthas ag súil le hoiliúint speisialta d'ealaíontóirí in 2000, níorbh ann dó. Is cosúil go bhfuil leisce ar an Áisitheoir tabhairt faoi oiliúint phíolótach 2–3 lá, fiú, ar eagla go dtabharfaí masla do na healaíontóirí ag ceapadh go mbeadh oiliúint de dhíth orthu. Agus ní miste a rá go bhfuil sé ráite ag ealaíontóirí áirithe go bhfuiltear ag caitheadh go mórluachach leo trí iad a sháith isteach in aonad oiliúna a d'eagrófaí gan aon chomhairle a lorg uathu. Ach is cosúil, áfach, go bhfuil fonn mhór ar chuid mhaith ealaíontóirí atá ag obair ina n-aonair seans a fháil a bheith páirteach i máistir cheardlanna i múnlaí ealaíne éagsúla agus sna malartuithe scileanna a tharlaíonn idir ealaíontóirí atá ag obair i múnlaí ealaíne difriúla.

Is léir freisin go bhfuil éileamh ann ó ealaíontóirí pobail d'imeachtaí áirithe ar nós obair ghrúpa, treoir maidir le hobair a dhéanamh i gcomhthéacsanna difriúla ar nós páistí a bhfuil míchumas foghlamtha acu, bainistiú na n-ealaíon, anailís shóisialta, forbairt ghairmiúil ar scileanna ealaíon, teicneolaíocht fhaisnéise a úsáid go cruthaitheach. Leagann cuid acu i nGaeltachtaí éagsúla béim ar an ngá atá ann go mbeidís ag líonraíocht i measc a chéile mar a dhéanann iad siúd a ghlacann páirt i dtionscadail ealaíon pobail. Tá ceardlanna oiliúna trasGhaeltachta d'ealaíontóirí pobail agus molta ag cuid acu mar aon le ceardlanna eile a éascófar do ghrúpaí pobail chun tús a

chur le líonraíocht i measc ealaíontóirí na Gaeltachta agus le líonra de phobail ealaíon ghníomhacha.

(Ní mór a lua go bhfuil roinnt ealaíontóirí ag glacadh páirte agus gur ghlac cuid eile páirt i gcúrsaí oiliúna sa ghnó agus sa mhargaíocht a mhaoinigh Údarás na Gaeltachta do Fhiontair Bheaga agus Leathmhóra Gaeltachta).

Níor éirigh linn an próiseas meastóireachta a chur ar bonn chomh slán is a bhí uainn. B'fhéidir go bhfacthas do dhaoine go raibh sé níos riachtanaí an tionscadal a reáchtáil ná fianaise a chruinniú. Bhí sé deacair fianaise a chruinniú nuair nár chreid na daoine a bhí i mbun na gceardlanna go raibh mórán tábhacht leis an meastóireacht. Chiollaigh brú oibre ar an bhFeidhmeannach Ealaíon ina chéad bhliain nach raibh mórán ama aige le caitheamh ag cuidiú leis na hÁisitheoirí an mheastóireacht a dhéanamh. Tá tús áite tugtha don mheastóireacht anois, áfach, ag Áisitheoirí agus ag an bhFeidhmeannach Ealaíon. Beidh an mheastóireacht ina choinníoll anois nuair atá cúnaimh airgid á cheadú ag Áisitheoirí do thionscadail. An Chomhdháil Ghaeltachta a bhí beartaithe do 1999, cuireadh ar ceal é toisc gur bhásaigh duine i gclann phríomhchainteora—léiriú ann féin den tábhacht atá le traidisiún laistigh de phobal tuaithe. Cuireadh bac ar leanúnachas chuid de na cláir oibre nuair a d'fhág Áisitheoirí áirithe a gcuid post. Cuireadh síneadh le hamscála gníomhaíochtaí eile ar chúiseanna éagsúla, agus bhí cuid de na tubaistí a luadh thuas san áireamh anseo.

4.2.2 Moltaí agus ceisteanna atá le cíoradh amach anseo

Is léir ón méid a foghlamaíodh ó 1999 go m'fhéidir go mbeidh cúnaimh riaracháin de dhíth ar na hÁisitheoirí; de réir dealraimh d'éirigh go han-mhaith leis an scéim faoin ar earcadh macléinn chun cuidiú leis an Áisitheoir i nGaillimh, agus ba chóir an cúnaimh cuí a chur ar fáil anois. Lena chois sin, ní mór na moltaí seo a leanas a chíoradh sa chéad tréimhse eile den chlár ó 2001–2003:

- Daoine a chur ar an eolas faoin gclár, a chuspóirí, a dhuais-scéimeanna, agus a chritéir do mhaoiniú tríd na meáin agus trí bhileog fhaisnéise
- Gníomhú maidir leis an easpa seiminéar straitéiseacha agus comhdháil náisiúnta ar fhorbairt ealaíon sa Ghaeltacht. Tá achainí ó chroí ag teacht ó ealaíontóirí Gaeltachta, ó eagrais ábhartha agus ó dhaoine ar spéis leo páirt a ghlacadh i dtionscadail bealaí a fháil le líonraíocht a dhéanamh le chéile agus foghlaim ó na cás-staidéir atá ar bun faoi láthair, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
- Cuid den fhreagracht maidir le taifeadadh a dhéanamh ar phleanáil, gníomhaíocht agus meastóireacht na dtionscadal a thabhairt dóibh siúd atá ag obair leis an tionscadal ar an talamh.
- D'fhéadfaí ceardlanna oiliúna a eagrú d'ealaíontóirí agus do lucht comhordaithe na n-ealaíon i dtaobh ceardlanna a phleanáil, a sheachadadh agus a mheas. Dá n-éascódh an meastóir seisiúin tuiscint ar an ngaol idir na rudaí a luadh thuas agus próiseas meastóireachta foriomlán na gclár. Ba choir go gcabhródh siad seo chun smaointiú straitéiseach a chothú agus chun go mbraithfeadh daoine go bhfuil siad páirteach sa chlár foriomlán.

- D'fhéadfaí córas tuairisceoireacht na n-Áisitheora a chur in oiriúint go faichilleach ionas go ndéantar fóraí na tuairisce míosúla a athdhearadh le go mbeadh sé oiriúnach mar uirlis mheastóireachta agus mar uirlis fhaisnéise araon.
- Ba chóir don dá pháirtí sa pháirtíocht seo critéir chaighdeánacha a aontú i dtaobh tionscadail agus scoileanna rannpháirteacha a roghnú. Bheadh na critéir seo nasctha leis na critéir ealaíonta atá foilsithe ag An Chomhairle Ealaíon agus Údarás na Gaeltachta.

4.2.3 An bealach ar aghaidh 2001–2003

B'fhéidir go mba chóir smaoineamh ar shamhail d'fhoirne ealaíontóirí pobail oilte, a bheadh ag obair ar an talamh ag tabhairt ceardlanna triaileacha sna scoileanna agus i measc an phobail agus ag tacú leis na hÁisitheoirí chun daoine a chur ar an eolas maidir le tábhacht na n-ealaíon Gaeltachta do chultúr na hÉireann. D'fhéadfadh na hÁisitheoirí na foirne seo a chomhordú agus tacaíocht a thabhairt dóibh, agus gheobhadh na hÁisitheoirí féin tacaíocht ó oifigeach ealaíon na Gaeltachta. Go hidéalach, bheadh na pleananna agus gníomhaíochtaí straitéiseacha a bheadh ar bun ag an bhfoireann forbartha ealaíon seo, mar chuid d'fílis den obair fhorbartha réigiúnda atá ar bun ag Údarás na Gaeltachta.

Fianaise ar cé chomh maithe is atá ag éirigh leis an gclár is ea an tsuim de £1,302,000 atá geallta ag na páirtithe chun forbairt an chlár a mhaoiniú thar thréimhse trí bliana eile. Gan amhras cuideoidh na an tsuim mhór seo chun tuilleadh airgid a mhealladh ó eagrais pháirtíochta tábhachtacha eile dála na comhairlí contae, na boird sláinte, na coistí gairmoideachais srl. Is léir ó na sonraí meastóireachta go bhfuil gá le roinnt ionad do na healaíona fisiciúla agus don cultúr mar aon le saoráid cultúrtha taistil, toisc na Gaeltachtaí a bheith chomh scaipthe sin.

Tar éis roinnt chruinnithe i dtosach 2001 chun critéir mheastóireachta a aontú, cuirfidh an tÚdarás paca cur ar aghaidh ar fáil ina mbeidh sonraí na nduais-scéimeanna d'ealaíontóirí, eagrais ealaíon agus grúpaí pobail. Aontóidh an dá eagrais critéir chun tionscadail a mhaoiniú ar bhonn ilbhliantúil. Caithfidh An Chomhairle Ealaíon a ciste cláir a dháileadh de réir na critéir do chúnamh deontais. Mar shampla bheadh an meastóireacht á déanamh ag painéal saineolaithe agus chaithfeadh na tionscadail a mhaoineofaí a bheith ar ardchaighdeán ealaíonta.

Ní mór, ag an tráth seo, go mbeadh ealaíontóirí agus pobail Ghaeltachta agus eagrais eile ar spéis leo an t-ábhar ar an eolas faoin gclár. B'fhéidir gurbh fhiú seiminéar de chás-staidéir ó chleachtóirí agus uathusan a bhí páirteach sa chlár go dtí seo a chuimsiú in aon lánseáil atá beartaithe.

4.2.4 Chun cíoradh

Tosaigh ar fhorbhreathnú Eorpach agus domhanda ar fhorbairt ealaíon straitéiseach i gcomhthéacs gníomhaíochtaí ealaíon teagabhunaithe i measc pobail dhúchasacha mionlacha. *Ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuiltear cheana féin ag forbairt nascanna ar leibhéal Eorpach agus idirnáisiúnta i dtaobh forbairt ealaíon straitéiseach.* Bunaigh gaolmhaireachtaí oibre le teagmhálacha ábhartha lasmuigh d'Éire ar nós an Highland and Islands Enterprise, *Proiseacht nan Ealan*. Féach conas atá ag éirí lena gcuid straitéisí siúd i dtaobh coistí stiúrtha agus grúpaí ealaíon pobail áitiúla, agus cad é an gaolmhaireacht atá acu leis na húdaráis áitiúla.

Pleanáil straitéiseach atá bunaithe ar obair atá idir lámhe

Céim 1 – Sraith de chruinnithe fócasaithe

- Tabhair cuireadh d'uimhir bheag de na príomhpháirtithe a bhfuil leas ar leith acu i bhforbairt na n-ealaíon Gaeltachta teacht go dtí sraith de 4-6 chruinniú chun comhchuspóirí a aontú maidir le cláir trí bliana i gcleachtadh na n-ealaíon pobail (eg. páirtithe ó na boird sláinte, na comhairlí contae (agus oifigigh fhorbairt phobail san áireamh mar aon le hoifigigh ealaíon na gcomhairlí contae), comhlachtaí páirtíochta, coistí gairmoideachais, (agus na hoibríthe oideachais pobail a ceapadh le déanaí), na boird fhiontair chontae.

Socraigh cad iad na téamaí ar leith agus na téarmaí tagartha atá ag teastáil. Iarr ar dhaoine a bhfuil taithí acu i gcur chun cinn na n-ealaíon sa Ghaeltacht cur i láthair a dhéanamh. Bheadh na téamaí seo a leanas oiriúnach: Ealaín sa Ghaeltacht agus cúrsaí sláinte agus leas an phobail, ealaín sa Ghaeltacht agus oideachas scoile, Ealaín sa Ghaeltacht agus oideachas pobail

Céim 2 – Ag cur plean straitéiseach le chéile do na chéad chúig bliana eile, ag baint úsáide as seiminéir

Seiminéir 1 Rannpháirtithe agus ealaíontóirí ó gach réigiún ag teacht le chéile:

- chun 3 chás-staidéar de thionscadail sa Ghaeltacht a phlé,
- chun plé a dhéanamh ar chreat de phlean a chuir na hÁisitheoirí agus an Feidhmeannach Forbartha Ealaíon le chéile ar mhaithe le forbairt straitéiseach na n-ealaíon
- chun na hargóintí do Sheiminéar 2 a mheas agus a ullmhú

Seiminéir 2 Uimhir bheag déantóirí beartais (díriú ar pháirtithe ar mian leo dul ag obair le chéile, (iadsan is mó a chuidíonn leis an tsraith de chruinnithe fócasaithe) eg. Sláinte agus Oideachas

- Ionchuir ó dhéantóirí beartais a bhfuil taithí acu
- Cás-Staidéar
- Ag cur moltaí agus argóintí ar aghaidh
- Freagairtí agus creat den tslí ar aghaidh

Comhdháil Ghaeltachta

Agus an chomhdháil seo á pleanáil, b'fhiú tógáil ar thorthaí na seiminéar réigiúnda. D'fhéadfadh cásanna-staidéar a léiriú cad iad na ceachtanna a foghlamaíodh ó thionscadail ar éirigh leo agus ó thionscadail nár éirigh leo. Ba chóir tuairimí ó rannpháirtí, ó ealaíontóir pobalbhunaithe, ó bhainisteoir tionscadal agus ó mhaoinitheoir a chlos sna cur i láthair seo. D'fhéadfaí freagairtí do dhréachtphlean straitéiseach maidir le forbairt na n-ealaíon comhaimseartha agus traidisiúnta sa Ghaeltacht a bhailiú le linn seisiúin éascaithe ceardlainne.

Cruthaigh suíomh líonra

D'fhéadfaí tosaíocht a thabhairt do shuíomh líonra a chruthú do na healaíona Gaeltachta mar uirlis eolais. Bheadh na hacmhainní seo i gceist:

- Leathanacha mar gheall ar an nGhaeltacht agus a oidhreacht ealaíonta, agus nascadh an traidisiúin leis an gcleachtadh ealaíon comhaimseartha agus reatha;
- Gailearaí d'ealaíontóirí Gaeltachta a bhfuil saothair ar díol acu;
- Samplaí ceoil, le CDanna ar díol;
- Teagmhálacha do ghrúpaí, eagrais agus teagascóirí ealaíon i ngach ceantar;

- Féilire de ghníomhaíochtaí ealaíon sa Ghaeltacht;
- Nascanna le suíomhanna líonra Gaeilge eile;
- Nascanna ríomhphoist leis na hÁisitheoirí.

Ar ndóigh, bheadh an suíomh líonra dátheangach. Bheadh sé tábhachtach ar na cúiseanna seo a leanas:

- Thabharfadh sé eolas don saol ar a bhfuil ar siúl in saol ealaíon na Gaeltachta;
- Léireodh sé go bhfuil baint ag ealaíontóirí traidisiúnta leis an nuashaol digiteach;
- Dhaingneodh sé na healaíona agus gníomhaíocht chultúrtha na Gaeltachta agus chothódh sé mórtas ceart ann;
- Leigheasfadh sé cuid de na deacrachtaí taistil;
- Acmhainn shaibhir eolais a bheadh ann.

Aguisín 1999 agus 2000

Sonraí na dtionscadal

Sonraí an tionscadal 1999

5.1.1 Tionscadal puipeadóireachta

Ainm an tionscadail	Tionscadal puipeadóireachta
Laethanta/Fad	30 lá
Gníomhaíocht	Ceardlanna puipeadóireachta. Cruthú agus foghlaim Scéalaíocht a bhí bunaithe ar scéalta áitiúla i gceantar gach scoile
Suíomh	10 bhunscoil
Páirtithe	Scoileanna, Údarás na Gaeltachta, Pairtíocht Mfg teo.
Múnlaí ealaíne	Dearcealaíona agus léiriú
Uimhir ealaíontóirí	2
Áitiúil	1
Neamháitiúil	1
Obair d'ealaíontóirí	32 lá
Táillí le healaíontóirí	£1,800
Buiséad iomlán	£1,800
Ioncam tuille	0
Foinsí maoinithe	Scoileanna: £450 Údarás na Gaeltachta: £500 Pairtíocht Mfg teo.: £850
Uimhir rannpháirtithe	na 228
Lucht féachana	280
Táirgí	Ceardlanna puipeadóireachta, puipéid, léiriú
Torthaí	Caidreamh idir óg agus sean. Meas agus eolas níos mó ar na scéalta agus ar an stair áitiúil

5.1.2 Ceardlanna drámaíochta sna scoileanna

Ainm an tionscadail	Ceardlanna drámaíochta sna scoileanna
Laethanta/Fad	25 lá
Gníomhaíocht	Ceardlanna drámaíochta
Láthair	Iarbhunscoileanna, Gaeltacht Dhún na nGall
Páirtithe	Mfg Údarás na Gaeltachta
Múnlaí ealaíne	Léiriú
Uimhir ealaíontóirí	1
Áitiúil	1
Neamháitiúil	0
Obair d'ealaíontóirí	5 seachtaine
Táillí le healaíontóirí	Táille le héascaitheoir dráma = 2,635 agus taisteal & riaracháin san áireamh
Buiséad iomlán	£3,000
Foinsí maoinithe	Mfg = 1,500 An tÚdarás = 1,500
Uimhir rannpháirtithe	175
Lucht féachana	Ní raibh
Táirgí	Sraith de 20 ceardlanna uaire i ngach ceanna de 6 scoileanna
Torthaí	Forbairt ar shamhlaíocht agus ar chruthaitheacht i measc na rannpháirtithe

	Feabhas ar scileanna drámaíochta agus eolas faighte ar chleachtadh na drámaíochta.
--	--

5.1.3 Ealaín sna scoileanna

Ainm an tionscadail	Ealaín sna scoileanna
Laethanta/fad	110 lá (5 lá i ngach ceann de 21 scoil)
Gníomhaíocht	Ceardlanna i múrmhaisiú, póstaer, aghaidheanna fidil
Láthair	Bunscoileanna, Gaeltacht Dhún na nGall
Páirtithe	Údarás na Gaeltachta Pairtíocht Mfg teo. Comhairle Contae Scoileanna
Múnlaí ealaíne	Dearcealaíona
Uimhir ealaíontóirí	4
Aitiúil	4
Neamháitiúil	0
Obair d'ealaíontóirí	110 lá
Táillí le healaíontóirí	£15,650
Buiséad iomlán	£24,900
Ioncam tuillte	0
Foinsí Maoinithe	Údarás na Gaeltachta: 6,500 Pairtíocht Mfg teo.: 10,000 Comhairle Contae: 5,800 Scoileanna: £2,600
Uimhir rannpháirtithe	na 100
Lucht féachana	1,886 (daonra scoile) Cuid de na tuismitheoirí ó 21 bhunscoil
Táirgí	Múrmhaisiú i ngach seomra ranga Féiríní ó múrmhaisitheoirí do na páistí eile Pictiúirí aonair Líníochtaí cosáin Píosaí de láib charraige Píosaí láibe
Torthaí	Ag féachaint ar smaointe faoi láthair do cheardlanna breise i scoileanna le hÚdarás na Gaeltachta, Pairtíocht Mfg teo Spéis léirithe ag gach scoil i gceardlanna breise

5.1.4 An Cosán Glas

Ainm an tionscadail	An Cosán Glas
Laethanta/Fad	15 lá
Gníomhaíocht	Ag éascú imeachtaí do pháistí. Ag déanamh cosán dealbhóireachta
Láthair	Baile Uí Chonaill, Gaeltacht Dhún na nGall
Páirtithe	Údarás na Gaeltachta Comhairle Contae
Múnlaí ealaíne	Dearcealaíon, dealbhóireacht
Uimhir ealaíontóirí	6
Aitiúil	3
Neamháitiúil	3
Obair d'ealaíontóirí	15 lá
Táillí le healaíontóirí	£3,850

Buiséad iomlán	£5,000
Ioncam tuillte	0
Foinsí maoinithe	Údarás na Gaeltachta: 2,000 Comhairle Contae Dhún na nGall: £3,000
Uimhir rannpháirtithe na	30 – 40
Lucht féachana	Tá na deilbh le feiceáil in áit phoiblí suntasach ar feadh míonna
Táirgí	Rinneadh deilbh ar féidir leis an bpobal dul ag féachaint orthu. Cruthaíodh rud chun turasóirí a mhealladh, agus ghlac an pobal páirt ann.
Torthaí	Fuair ealaíontóir áitiúil taithí fiúntach i gcomhordú tionscadal agus i mbainistíocht. D'aithin roinnt ealaíontóirí go raibh gá le hoiliúint in obair ghrúpa /scileanna éascaitheachta/conas dul ag obair le daoine óga. Malartuithe agus cairdeas idir ealaíontóirí a raibh taithí difriúil acu go dtí seo Comhoibriú i measc ealaíontóirí, Údarás na Gaeltachta, Comhairle Contae Dhún na nGall, an pobal áitiúil, Coiste Féile an Fhalcharraigh, Coiste Féile an Earagail, Coiste Forbartha Bhaile an Chonaill srl. Cuireadh próiseas agus struchtúr éifeachtach ar bun don tionscadal seo.

5.1.5 Féile Na Bealtaine

Ainm an tionscadail	Féile na Bealtaine
Laethanta/fad	5 lá
Gníomhaíocht	Ceardlann péinteála agus taispeántas
Láthair	Gaeltacht Dhún na nGall
Páirtithe	Coiste Ionad Lae Fhanada Coiste Ionad Lae Annagaire : : : Na Carraige : : : Ghaoth Dobhair Údarás na Gaeltachta
Múnlaí ealaíne	Dearcealaíona
Uimhir ealaíontóirí	1
Áitiúil	1
Neamháitiúil	0
Obair d'ealaíontóirí	5 lá
Táillí le healaíontóirí	£250
Buiséad iomlán	£525
Ioncam tuillte	0
Foinsí maoinithe	Údarás na Gaeltachta: £525
Uimhir rannpháirtithe na	145
Lucht féachana	145
Táirgí	Taispeántas de phictiúirí na rannpháirtithe
Torthaí	Ag féachaint arbh fhéidir leis an mbord sláinte agus don Áisitheoir/Údarás na Gaeltachta comhoibriú

5.1.6 Eigse Dhiarmuid Uí Shúilleabháin

Ainm an tionscadail	Eigse Dhiarmuid Uí Shúilleabháin
Laethanta/Fad	4 lá
Gníomhaíocht	Féile

Láthair	Múscraí, Gaeltacht na Mumhan
Páirtithe	An pobal (Pobal Mhuscraí)
Múnlaí ealaíne	Ealaíona dúchais léirithe, litríochta agus dearcealaíona
Uimhir ealaíontóirí	50 nó mar sin
Áitiúil	10
Neamáitiúil	40 (4 ealaíontóirí Albanacha san áireamh)
Obair d'ealaíontóirí	5 lá an duine do 46 ealaíontóir, 3 lá an duine do 4 ealaíontóir Albanacha
Taillí healaíontóirí le	Tuairim is £100 an duine <i>per day</i> ?
Buiséad iomlán	£15,000
Ioncam tuillte	£7,500
Foinsí maoinithe	Ticéid Údarás na Gaeltachta: £XXX An Chomhairle Ealaíon Guinness
Uimhir rannpháirtithe na	50
Lucht féachana	500
Táirgí	Ceolchoirm den óige Ceardlanna pobail agus scoile Taispeántais dhearcealaíon Léiriú drámaíochta Láinseáil dlúthdhiosca agus leabhair Ceolchoirm na hÉigse
Torthaí	Rinneadh clár ar Shean Nós do Raidió na Gaeltachta a bhí bunaithe ar imeachtaí na féile Tá daoine óga ag freastal ranganna Sean Nos nua agus ag ag déanamh forbartha ar obair a cuireadh tús leis sna ceardlanna Ag pleanáil cónaitheacht Sean Nós le hOifigeach Ealaíon an Chomhairle Contae

5.1.7 Cónaitheacht Rince

Ainm an tionscadail	Cónaitheacht Rince
Laethanta/fad	15 lá
Gníomhaíocht	Ceardlanna rince do ghrúpaí pobail
Láthair	An tIonad Cultúrtha, Baile Bhúirne
Páirtithe	An Chomhairle Ealaíon Údarás na Gaeltachta
Múnlaí ealaíne	Léiriú
Uimhir ealaíontóirí	1
Áitiúil	1
Non Áitiúil	0
Obair d'ealaíontóirí	15 lá
Taillí healaíontóirí le	£2,000
Buiséad iomlán	£2,000
Ioncam tuillte	0
Foinsí maoinithe	An Chomhairle Ealaíon £1,500 Údarás na Gaeltachta: £500
Uimhir rannpháirtithe na	240
Lucht féachana	
Táirgí	Cúrsa sa nua-rince
Torthaí	Cleachtadh agus taithí sa nua-rince

	Meas níos mó ar na healaíona
--	------------------------------

5.1.8 Scríobh Cleite

Ainm an tionscadail	Scríobh Cleite
Laethanta/fad	<i>Clarify 13 go leith leath lá in aghaidh gach ealaíontóir</i>
Gníomhaíocht	Ceardlanna don scríbhneoireacht chruthaitheach sna scoileanna
Láthair	Gaeltacht na Mumhan
Páirtithe	9 iarbhunscoil, 3 chomhairle contae, An Chomhairle Ealaíon Údarás na Gaeltachta
Múnlaí ealaíne	An Litríocht
Uimhir ealaíontóirí	2
Áitiúil	1
Neamháitiúil	1
Obair d'ealaíontóirí	13 lá go leith <i>in total or each</i>
Táillí le healaíontóirí	£4,170
Buiséad iomlán	£5,100
Ioncam tuillte	0
Foinsí maoinithe	Comhairle Chontae Chiarraí: £900 Comhairle Chontae Chorcaí: £600, Comhairle Chontae Phort Láirge: £200 An Chomhairle Ealaíon £1,700 Údarás na Gaeltachta: £1,700
Uimhir rannpháirtithe na	189 <i>ach fuarthas uimhir níos mó foirmeacha</i>
Lucht féachana	
Táirgí	Píosa scríofa ó gach scoláire
Torthaí	Tháinig feabhas ar an gcaighdeán agus ar uimhir na riarratas ar chomórtais litríochta éagsúla ar nós Comórtais Litríochta an Oireachtais

5.1.9 Ealaín sa Scoil

Ainm an tionscadail	Ealaín sa Scoil
Laethanta/fad	5 lá
Gníomhaíocht	Ceardlann dearcealaíon
Láthair	Múscraí, Gaeltacht na Mumhan
Páirtithe	An pobal áitiúil, Comhairle Chontae Chorcaí, Meitheal Mhúscraí, Údarás na Gaeltachta
Múnlaí ealaíne	Na dearcealaíona
Uimhir ealaíontóirí	5
Áitiúil	5
Neamháitiúil	0
Obair d'ealaíontóirí	2 x 4 sheisiún ar feadh uair an chloig
Táillí le healaíontóirí	£17 in aghaidh na huaire, £136 an duine
Buiséad iomlán	£1,500
Ioncam tuillte	0
Foinsí maoinithe	Comhairle Chontae Chorcaí: £500 Meitheal Mhúscraí: £500 Údarás na Gaeltachta: £1,700
Uimhir rannpháirtithe na	220
Lucht féachana	Tuismitheoirí/gaolta tuairim is 300

Táirgí	Ealaín ó pháistí
Torthaí	Aithbhreithniú agus planáil don chéad sraith eile de cheardlanna Teagmháil fheabhsaithe idir scoileanna

5.1.10 Féile Scéalaíochta Chléire

Ainm an tionscadail	Féile Scéalaíochta Chléire
Laethanta/fad	3 lá
Gníomhaíocht	Ceardlanna speisialta do dhaoine óga sa scéalaíocht, sa cheol, sa drámaíocht agus sna dearcealaíona
Láthair	Oileán Chléire
Páirtithe	Pobal an oileáin, idir óg agus shean Turasóirí Scéalaithe ó Éire agus ó thíortha eile
Múnlaí ealaíne	Na dearcealaíona agus léiriú
Uimhir ealaíontóirí	3
Áitiúil	1
Neamháitiúil	2
Obair d'ealaíontóirí	3 lá x 3
Táillí d'ealaíontóirí	£200 - £300 <i>per day?</i>
Buiséad iomlán	£13,000
Ioncam tuillte	£9,000
Foinsí maoinithe	Comhairle Chontae Chorcaí: £500 Údarás na Gaeltachta: £1,500 An Chomhairle Ealaíon: £2000 Murphys: £3,000 Ciste Meiriceá Éire ACN Ireland British Council Contributors: Bank of Ireland, Carbery Timber, JJField agus Co, Verbal Arts Centre, Doire
Uimhir rannpháirtithe	na 300
Lucht féachana	300
Táirgí	Úsáideadh ealaín na bpáistí sa léiriú drámaíochta
Torthaí	Mheall sé turasóirí go dtí an t-oileán Rinne sé leas eacnamaíoch don oileán Tá plananna ann chun an cineál seo imeachta a eagrú ar son an phobal áitiúil, go háirithe do na daoine óga

5.1.11 Aghaidh Fidil

Ainm an tionscadail	Aghaidh Fidil
Laethanta/fad	3 seachtaine
Gníomhaíocht	Ceardlanna i scileanna aisteoireachta
Láthair	Gaillimh
Páirtithe	Údarás na Gaeltachta, Iomairt Cholmcille, Proiseacht na n-ealan T na G, Bord na Gaeilge, Scottish Arts Council
Múnlaí ealaíne	Léiriú – scileanna aisteoireachta agus drámaíochta
Uimhir ealaíontóirí	14
Áitiúil	11
Neamháitiúil	3
Obair d'ealaíontóirí	20 lá
Táillí d'ealaíontóirí	£22 in aghaidh na huaire
Buiséad iomlán	£27,000

Ioncam tuillte	0
Foinsí maoinithe	Údarás na Gaeltachta, Iomairt Colmcille, Proiseacht na n ealan T na G, Bord na Gaeilge, Scottish Arts Council, TOSG
Uimhir na rannpháirtithe	14
Lucht féachana	
Táirgí	Léiriú drámaíochta An Mhilaois
Torthaí	D'fhoghlaim cainteoirí Gaeilge óga ó Éire agus Alba scileanna aisteoireachta Chuir an dá ghrúpa aithne ar a chéile agus ar a gcanúintí beirt, a gcultúir agus ar na rudaí a bhí coitianta eatartha, ach go háirithe. Fostaíocht sna meáin do bheirt, Albanach le Radio na nGael agus duine as Connemara le T na G.

5.1.12 Ceol an Locha

Ainm an tionscadail	Ceol an Locha
Laethanta/fad	5 lá
Gníomhaíocht	Scoil cheoil seachtaine
Láthair	Tuar Mhic Éadaigh, Gaeltacht Mhuigh Eo
Páirtithe	Údarás na Gaeltachta, Monaghan Mushrooms, Cumas
Múnlaí ealaíne	Na healaíona dúchasacha – ceol agus amhránaíochta traidisiúnta, rince seit
Uimhir ealaíontóirí	9
Áitiúil	3
Neamháitiúil	6
Obair d'ealaíontóirí	5 lá x 9 = 45
Táillí d'ealaíontóirí	£300 x 9 = £2,700
Buiséad iomlán	£13,000
Ioncam tuillte	0
Foinsí maoinithe	Údarás na Gaeltachta, Radio na Gaeltachta, Monaghan Mushrooms, Cumas
Uimhir na rannpháirtithe	33
Lucht féachana/éisteachta	
Táirgí	Seisiúin, léachtaí agus imeachtaí sóisialta don pobal
Torthaí	Spéis nua músclaithe sa cheol agus sa Ghaeilge Malartú scileanna idir óg agus sean

5.1.13 Drámaíocht sna bunscoileanna

Ainm an tionscadail	Drámaíocht sna bunscoileanna
Laethanta/fad	60 lá
Gníomhaíocht	Ceardlanna drámaíochta sna scoileanna – aisteoireacht agus féinmhuinín á forbairt
Láthair	Rosmuc, Chill Chiaráin, Camus
Páirtithe	Pléarácha Conamara, Údarás na Gaeltachta, Scoileanna
Múnlaí ealaíne	Léiriú
Uimhir ealaíontóirí	1
Áitiúil	1
Neamháitiúil	0
Obair d'ealaíontóirí	60 lá
Obair d'ealaíontóirí	£2,100 (£16.15 in aghaidh na huaire)

Buiséad iomlán	£2,100
Ioncam tuillte	0
Foinsí maoinithe	Pléarácha Conamara, Údarás na Gaeltachta, An Chomhairle Ealaíon
Uimhir na rannpháirtithe	120
Lucht féachana	
Táirgí	Drámaí gearra á léiriú do thuismitheoirí i láthair áitiúil
Torthaí	Tá bunscileanna aisteoireachta faighte ag páistí óga agus tá méadú tagtha ar a gcuid féin-mhuiníne

5.1.14 CUMAR

Ainm an tionscadail	CUMAR
Laethanta/fad	6 lá
Gníomhaíocht	Scoil cheoil
Láthair	Camus, Rosmuc, Gaeltacht Chonamara
Páirtithe	Pobal Rosmuc, Múinteoirí ceoil, scoileanna, Cumas, Raidio na Gaeltachta, Telifis na Gaeltachta, 4 bhan a ainmníodh go haonair
Múnlaí ealaíne	Ealaíona léirithe dúchasacha
Uimhir ealaíontóirí	51
Áitiúil	33
Neamháitiúil	18
Obair d'ealaíontóirí	5 lá
Táillí d'ealaíontóirí	£300 X 51
Buiséad iomlán	£14,000
Ioncam tuillte	0
Foinsí maoinithe	Udarás na Gaeltachta, An Chomhairle Ealaíon, Radio na Gaeltachta
Uimhir na rannpháirtithe	61
Lucht féachana	850 (220, 280 agus 350 i láthair ag trí príomhcheolchoirm)
Táirgí	Ceolchoirmeacha, Léirithe san Ionad Cúram Lae do Sheanóirí Léiriú do Dhaoine le Míchumas
Torthaí	Bunaíodh coiste deonach áitiúil/Meitheal a bhain caighdeán arda agus gairmiúlacht amach Míniú agus tacaíocht don scoil cheoil áitiúil – An Gaelacadamh Ag cothú mórtais san oidhreacht i measc an phobail Ag cur caighdeán ard oiliúna ar fáil d'fhoghlaimoirí óga ceoil maraon le deiseanna chun seinm os comhair an phobail. Scileanna maithe foghlamtha sa rince, sa litríocht bhéil agus ceol nua tugtha d'amhránaithe agus do cheoltóirí óga. Chothaigh ceolchoirmeacha agus oícheanta sóisialta mórtas sna healaíona dúchasacha i measc phobal Chonamara. Cuireadh ardán ar fáil do cheoltóirí áitiúla le ceoltóirí a bhfuil cáil náisiúnta orthu. Comhoibriú idir Cumar, An Gaelacadamh, Pléarácha, Údarás na Gaeltachta, T na G, ACE; cuireadh próiseas agus struchtúr éifeachtach ar bun Seachtain bhisiúil do thithe lóistín, tithe tábhairne agus bialanna

5.1.15 Ionad Sean Daoine na Trá Báine

Ainm an tionscadail	Ionad Sean Daoine na Trá Báine
Laethanta/fad	28 lá

Gníomhaíocht	Ceardlanna drámaíochta
Láthair	Conamara
Páirtithe	Údarás na Gaeltachta, Coiste Aosach na nOileán, FÁS
Múnlaí ealaíne	Léiriú
Uimhir ealaíontóirí	1
Aitiúil	1
Neamháitiúil	0
Obair d'ealaíontóirí	28 lá
Táillí le healaíontóirí	£1650
Buiséad iomlán	£1650
Ioncam tuillte	0
Foinsí maoinithe	Údarás na Gaeltachta
Uimhir na rannpháirtithe	18
Lucht féachana	
Táirgí	
Torthaí	Próifíl níos fearr ag daoine aosta i measc an phobail Níos mó meas acu orthu féin mar ghrúpa

5.2 Tuairimí na rannpháirtithe

D'úsáid an tionscadal Scríobh Cleite foirm ghearr a dhear Eibhlín. 189 rannpháirtí/páistí iarbhunscoile.

Foriomláin do 189 rannpháirtí i Scríobh Cleite, Gaeltacht na Mumhan le scríbhneoirí Nuala Ní Dhomhnaill agus Aine ní Fhoghlú	Sea	Ní hea	Níl a fhios
Triail a bhaint as rudaí nach ndearna mé cheana	163	6	14
Ag éirí níos féinmhuiníní maidir leis an méid is féidir liom a dhéanamh	119	15	54
Shocraigh mé ar leanúint leis an múnla ealaíne seo	132	11	43
Tuiscint níos fearr agam ar smaointe daoine eile D'fhoghlaim mé ó dhaoine a bhfuil cúlra difriúil acu ó mo cheannsa	118	25	30
Tuiscint níos fearr agam ar conas dul ag obair le daoine eile Feabhas tagtha ar mo chuid scileanna oibre le daoine eile	117	14	52
Chuaigh mé go dtí imeacht ealaíon nó imeacht shóisialta nach rachainn ann de ghnáth	77	27	80
Feabhas tagtha ar mo chuid scileanna cruthaitheachta san ealaín	105	1+5	57
Feabhas tagtha ar mo chuid Gaeilge	89	25	72
Tig liom mé féin a chur in iúil níos fearr trí mhúnla ealaíne	107	19	54
Tig liom mé féin a chur in iúil níos fearr trí Ghaeilge	92	22	64
Tá mé níos fearr anois am chur féin in iúil go cruthaitheach mar bhall de ghrúpa	73	17	73
Tig liom mo chuid smaointe a nochtadh don ghrúpa	92	21	53

5.2.1 47 rannpháirtithe i dtionscadail dhifriúla sa Ghaeltacht

Tabhair faoi deara gur chomhlánigh triúr ealaíontóirí foirmeacha rannpháirtithe, beirt acu trí earráid agus an duine eile mar rannpháirtí. Chomhlánaigh an duine seo foirm ealaíontóra freisin.

Foriomlán do 47 rannpháirtí i dtionscadail dhifriúla sa Ghaeltacht	Sea	Ní hea	Níl a fhios
Thriail mé rudaí nua nach ndearna mé cheana	41	6	
Tá mé níos siúrálte anois faoin méid is féidir liom a bhaint amach	30	10	6
Rinne mé cairde nua	19	27	1
D'fhoghlaim mé ó dhaoine le cúlra difriúil ó mo cheann féin	32	8	7
Roinn mé nó mhúin mé mo chuid scileanna le daoine eile	15	14	18
Shocraigh mé ar chúrsa oiliúna nó cúrsa triú leibhéal a dhéanamh	4	26	10
Chuaigh mé go dtí imeacht ealaíon nó shóisialta nach rachainn ann go dtí seo	10	18	21
Shocraigh mé cuidiú le tionscadail phobail eile	8	30	9
Táim ag mothú níos fearr nó níos sláintiúla	19	21	6
<i>Motháim níos sona</i>	28	7	11

Trí a bheith páirteach sna ceardlanna, b'iad seo na scileanna a ghnóthaigh daoine:

- Ghnóthaigh 38 dhuine scileanna sna healaíona cruthaitheacha
- Ghnóthaigh 31 dhuine scileanna teicniúla
- Ghnóthaigh 30 dhuine scileanna maidir le hobair a dhéanamh le daoine
- Ghnóthaigh 20 dhuine scileanna cumarsáide
- Ghnóthaigh 17 dhuine scileanna léirithe
- Ghnóthaigh 2 dhuine scileanna i mbainistiú tionscadail
- Ghnóthaigh 2 dhuine scileanna i riar tionscadail
- Ghnóthaigh 2 dhuine scileanna eile, ar a dtugtar rince e (ealaín cruthaitheach) agus comhordú tionscadail
- Ghnóthaigh 2 dhuine scileanna déantóireachta
- Ghnóthaigh 2 dhuine scileanna airgeadais agus buiséid
- Níor ghnóthaigh éinne scileanna ríomhaire

	Sea	Ní hea	Níl mé cinnte
Chuidigh na scileanna liom sa bhaile nó go sóisialta	19	11	16
Scoil, coláiste nó oiliúint	12	15	16
Chuidigh cuid de na scileanna liom obair a fháil	2	37	6

Samplaí de conas a chuidigh na scileanna leo, dar leo féin:

- Sa bhaile agus sa saol sóisialta – Mheas duine amháin go raibh tuiscint níos fearr aige ar dhaoine eile ón uair go raibh tuiscint níos fearr aige air féin
- Obair – Chuir T na G spéis i rannpháirtí ag ceardlann léirithe agus tá an duine sin fostaithe anois ag T na G

	Sea	Ní hea	Níl mé cinnte
Ar tháinig athrú ar do chuid tuairimí faoi rud ar bith de thoradh a bheith páirteach sa tionscadal?	11	13	19

Samplaí de na hathruithe a tháinig ar thuairimí de thoradh a bheith páirteach sa tionscadal

- *Cheap mé go raibh mé gan mhaith ...anois is dóigh liom go bhfuil a lán ar eolas agam*
- *Tá níos mó measa agam anois ar an bhfocal scríofa, tá níos mó tuisceana agam orm féin...go bhfuil níos mó ná dearcadh amháin ann. Tá mo chroí tar éis leathnú amach, agus m'éirim aigne freisin*
- *Bhí mé cúthaileach faoi rince a dhéanamh ach tá bród orm anois mar tá mé ábalta rince comhaimseartha a dhéanamh*
- *Tá gá mór le healaíontóirí le dul ag múineadh sna bunscoileanna*
- *Tá níos mó spéise agam sa Ghaeilge anois*
- *Ba chóir níos mó a dhéanamh chun an ceol agus an cultúr a mhúineadh do na páistí*

	Sea	Ní hea	Níl mé cinnte
Ar raibh aon drochthoradh ar thú a bheith páirteach sa tionscadal?	1	9	2

Samplaí de dhrochthorthaí do dhaoine áirithe a tharla as a bheith páirteach sa tionscadal:

- *Tar éis 3 seachtaine, bhí mé an-chairdiúil le daoine ann, bhí cairde nua déanta agam agus bhí brón orm ag dul abhaile, go dtí daoine nach dtuigeann mé don chuid is mó ...ach is cuid den fás suas é sin...is dócha.*

	ARD			ÍSEAL	
	5	4	3	2	1
Cén tuairim atá agat den tionscadal ealaíne a raibh tú féin páirteach ann?	43	3		1	
Cé chomh tábhachtach is atá cúnaimh an Áisitheora do thionscadail ealaíon áitiúla?	30	5		1	1
Conas a thagann an tionscadal le riachtanais na ngrúpaí pobail?	20	4	3	4	2
Cé chomh tábhachtach is atá cúnaimh Údarás na Gaeltachta agus ACE do thionscadail ealaíon áitiúil?	36	1		1	1
Cé chomh tábhachtach is atá na healaíona do thodhchaí na Gaeltachta?	38	4		1	

	Sea	Níl	Níl mé cinnte
An bhfuil áthas ort gur ghlac tú páirt?	47		
Ar mhaith leat na healaíona a fhorbairt sa Ghaeltacht?	25	13	8

Conas is féidir linn feabhas a chur ar ár gcuid oibre?

- *Cuir struchtúr ar bun le gur féidir le healaíontóirí dul ag múineadh gach seachtain i mbunscoileanna*
- *Ba mhaith go mbeadh níos mó cainte ann roimh thosach an tionscadal...níos mó oibre ar an talamh agus níos mó teagmhála idir dhaoine agus cumarsáid níos fearr. De ghnáth socraítear na critéir roimh ré, in ionad iad a theacht amach as an bplé cruthaitheach idir an ealaíontóir agus an pobal. (ealaíontóir a líon isteach foirm rannpháirtithe)*
- *Tá fúntas le tionscadail phobail don ealaíontóir agus don pobal, ach ba chóir go mbeadh deis ag ealaíontóirs saorobair a dhéanamh ar feadh tréimhsí áirithe, le tacaíocht, chun obair a dhéanamh a mbeadh meas ag an bpobal air sna blianta atá romhainn (ealaíontóir a líon isteach foirm rannpháirtithe)*
- *Breis maoinithe agus é ag teacht níos minice*
- *Cuir fad leis na ceardlanna trí seachtaine sa rince comhaimseartha...ba chóir go mbeadh seans ag gach dalta i scoil Gaeltachta an ceardlann seo a dhéanamh.*
- *Fostaigh éascaitheoirí ealaíne i ngach múnla ealaíne*
- *Déan staidéar indéantachta ar dheiseanna fostaíochta sa drámaíocht*
- *Tá súil agam go leanfar le Cumar. Chuidigh sé go mór le mo chuid ceoil agus níos tábhachtaí fiú, conas taitneamh a bhaint as i gcomhlúadar daoine eile*

	Sea	Ní hea	Níl cinnte
Ar chuidigh tú chun aon ghníomhaíocht nó tionscadal a phleanáil?	6	30	5

Sonraí bunúsacha do phróifíl ar 47 rannpháirtí

- Tá 6 ag obair, tá 2 ag lorg oibre, an chuid eile (39) ag dul ar scoil.
- An fad atá daoine ag gabháil le hobair ealaíon sa Ghaeltacht ranges, idir mí amháin agus 20 bliain. (Can pull out more detail later)
- Is í an Ghaeilge príomhtheanga 19 as an 47. Níor chónaigh 33 taobh amuigh den Ghaeltacht riamh.
- Chónaigh 14 lasmuigh den Ghaeltacht do thréimhsí idir 3 bliana agus 22 bhliain.
- Tá an aoisghrúpa idir 13 agus 40
- Níl aon cháilíocht iarscoile ag 38 dhuine. Tá cáilíocht iarscoile ag 7.
- Bhí 3 faoi 10, 24 idir 10-20, 1 idir 20-30, 3 idir 30-40. Níor chláraigh éinne ón aoisghrúpa 40-50, 50-60, 60-70, 60-80 nó thar 80.

Note: níor líonadh aon fhoirmeacha do na ceardlanna in ionaid chúram lae (Do dhaoine aosta), i gConamara, Dún na nGall

5.2.2 Éigse Dhiarmuid Uí Shúilleabháin, Gaeltacht na Mumhan

Foriomlán do 39 rannpháirtí in Éigse Dhiarmuid Uí Shúilleabháin, Gaeltacht na Mumhan	Sea	Ní hea	Níl a fhios
Thriail mé rudáí nach ndearna mé cheana	25	5	8
Chuaigh mé go dtí imeacht ealaíon nó sóisialta nach rachainn ann go dtí seo	23	3	18
Shocraigh mé ar leanúint leis an múnla ealaíne seo	31	2	5

<i>éisteacht le cineálacha éagsúla ceoil</i>			
Tá muinín níos fearr agam asam féin maidir leis an obair ealaíne is féidir liom a dhéanamh	23	9	6
Tá tuiscint níos fearr agam ar chultúr na hÉireanna	18	10	6
Tá tuiscint níos fearr agam ar chultúr na hAlban	18	9	8
<i>Sásta leis an taispeántas</i>	28	5	2
Athas orm a bheith páirteach	27	3	4
Ba mhaith liom ceardlanna ealaíona eile a bheadh pobalbhunaithe	26	6	3

5.2.3 Smaointe/Tuairimí/Moltaí

- *Ba chóir níos mó taispeántais ar an dul leis an gceann seo a eagrú i rith na scoilbhliana chun daltaí a chur ar an eolas maidir lena gcultúr féin agus cultúir eile*
- *Bheadh sé go maith níos mó ealaíne (ceardlanna) a bheith ar siúl sna scoileanna*
- *Ranganna agus seisiúin ceoil do dhaoine óga*
- *Níos mó ranganna ceoil in am scoile*
- *Tabhair níos mó ranganna agus léirigh níos mó suime i mBéal Átha Ghaoithidh*
- *Eagraigh níos mó ceardlanna sa cheol comhaimseartha agus sa drámaíocht*

5.3 Tuairimí na n-ealaíontóirí

Foriomlán ó 12 ealaíontóir a ghlac páirt i dtionscadail dhifriúla sa Ghaeltacht			
An teanga a úsáideadh nuair a bhíodas ag obair ar na tionscadail	5 Gaeilge	6 dátheangach	1 Béarla
Ghlac mé páirt in ealaíona pobail cheana	10 Sea	0 nílim cinnte	1 Ní hea
Ar mheas tú go raibh páirt agat i bpleanáil na hoibre <i>*fágadh an cheist seo ar lár ar na foirmeacha Gaeilge</i>	2 go mór	1 ceart go leor	1 níor leor
Cad é do mheas ar chaighdeán ealaíonta an tionscadail?	10 go maith	1 cuíosach	0 bocht
Cad é do mheas ar spéis na rannpháirtithe?	12 ard	0 o.k.	0 íseal

Ón uair gur ghlac siad páirt ann ghnóthaigh ealaíontóirí	Sea	Ní hea	Nílim cinnte
Smaointe agus taithí nua a chuirfidh athrú ar mo chuid oibre	11		1
Tá mé níos siúráilte anois faoi mo chuid scileanna gairmiúla <i>*fágadh an cheist seo ar lár ón bhfoirm Gaeilge....</i>	4		
Tháinig feabhas mór ar mo chuid chleachtadh gairmiúil	11		1
Tá tuiscint níos fearr agam ar chultúr na Gaeltachta	10	1	
Rinne mé teagmhálacha nua gairmiúla	9		3
Rinne mé cúrsa oiliúna gairmiúil nó cúrsa gearr	0	0	0
Dúirt mé go gcabhróinn le tionscadail phobail eile	4	1	
Chuir mé aithne ar ealaíontóirí eile	10	2	

Rinne mé cairde nua	11		1
Ar raibh aon drochthoradh ar thú a bheith páirteach sa tionscadal?	4		

Samplaí de dhrochthorthaí

- Easpa ama do mo chuid ealaíne féin
- De bharr gur tionscadal píolótach é, ní raibh mé cinnte cad a tharlódh tar éis an tionscadail

B'iad seo na scileanna a liostaíodh a fuarthas as a bheith páirteach sa tionscadal:

- Ghnóthaigh 11 dhuine scileanna i gconas dul ag obair le daoine eile
- Ghnóthaigh 10 dhuine scileanna san ealaín chruthaitheach
- Ghnóthaigh 6 dhuine scileanna i mbainistiú tionscadail
- Ghnóthaigh 6 dhuine scileanna léirithe
- Ghnóthaigh 6 dhuine scileanna cumarsáide
- Ghnóthaigh 5 dhuine scileanna teicniúla
- Ghnóthaigh 5 dhuine scileanna i riar tionscadail
- Ghnóthaigh 5 dhuine scileanna déantóireachta
- Ghnóthaigh 4 dhuine scileanna in obair leis na meáin
- Ghnóthaigh 3 dhuine scileanna airgeadais agus buiséid
- Ghnóthaigh 1 duine scileanna margaióchta
- Níor ghnóthaigh éinne scileanna ríomhaire

	Sea	Ní hea	Nílím cinnte
Chuidigh cuid de na scileanna nua leis na healaíontóirí obair a fháil, e.g. Obair i scoileanna Obair le grúpaí pobail eile A gclár ceardlanna féin a chur le chéile	5	2	4

Deir gach duine den dáréag ealaíontóirí gur mhaith níos mó den gcineál seo oibre a dhéanamh

	Sea	Ní hea	Nílím cinnte
Ar tháinig athrú ar do chuid tuairimí faoi rud ar bith as a bheith páirteach sa tionscadal?	6	1	4

Samplaí de na hathruithe tuairime a tháinig ar dhaoine as a bheith páirteach sa tionscadal

- Tá dearcadh eile agam i leith na healaíne agus i leith ábhar de thoradh léargas ó a bheith ag obair le páistí
- Tá meas níos mó agam ar chultúr speisialta na Gaeltachta
- Tábhacht an tsúgartha nach mbaineann le haidhmeanna an tionscadail, chun páistí a spreagadh

	Sea	Ní hea	Nílím cinnte
Ar chuidigh tú chun aon imeacht nó gníomhaíocht a	6	30	5

5.3.1 Prófíl na n-ealaíontóirí Maidir le húsáid na Gaeilge, oiliúint, cáilíochtaí agus riachtanais oiliúna a aithint

- Deir 4 of 12 gurb í an Ghaeilge a bpríomhtheanga
- Deir 7 of 12 nach í an Ghaeilge a bpríomhtheanga
- Is mian le 7 of 12 feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge, agus seans gur mhaith le 3 dhuine eile feabhas a chur uirthi
- Chónaigh 6 dhuine lasmuigh den Ghaeltacht ar feadh tréimhsí idir 13 bliaina agus 32 bliana. Sasanach is ea duine amháin. Tá ealaíontóir amháin ón nGaeltacht ina cónaí i Sasana faoi láthair.
- An oiliúint sna healaíona pobail agus/nó in obair ghrúpa a fuair ealaíontóirí
- Ghlac duine amháin páirt i gcúrsa gearr in obair ghrúpa
- Ghlac duine amháin páirt i gceardlanna cruthaitheacha éagsúla
- Ghlac duine amháin páirt i gcúrsaí éagsúla sa Ríocht Aontaithe
- Taithí ar an jab/phraiticiúil

Na cáilíochtaí ealaíon a liostaíodh:

- Máistreacht sa Rince
- Drámaíocht agus amharclannaíocht
- BA i ndealbhóireacht saorealaíne
- BA onórach i nDearadh agus Stair an Deartha
- Bunchúrsa Ealaíne/Taispeántais grúpa
- BA sa Dearadh, Dioplóma sna hEalaíona agus sa Dearadh
- BTEC
- Cúrsa Drámaíochta, Amharclanna an Gaeity
- Gan cháilíocht
- Taithí oibre
- Céim sna hEalaíona, an Ríocht Aontaithe
- Tá lúth na gcorp ag gach duine acu

Na riachtanais oiliúna a tugadh faoi deara:

- Gaeilge bhéil
- Ríomhairí agus ceamara digiteach
- Gnó, cáin, cuntasáíocht
- Oilíúint i scileanna cruthaitheacha agus teicniúla
- Obair ghrúpa/Scileanna Éascaitheachta
- Gach cineál

5.4 SONRAÍ NA DTIONSCADAL 2000

5.4.1 Cló Ceardlann na gCnoc Teoranta

Ainm an tionscadail	Cló Ceardlann na gCnoc Teoranta
Lá/Fad	1999 – leanúnach
Gníomhaíocht	Priontóireacht, déantóireacht leabhair agus ceardlanna éagsúla sna healaíona comhaimseartha agus gníomhaíochtaí ar nós máistir ranganna i bpriontóireacht d'ealaíontóirí
Áiteabh agus Áit	Eastát tionsclaíoch, Gaoth Dóbhair, Dún na nGall
Teagmhálaí/the	Ian Joyce agus Oona Hyland 075 31271
Múnlaí Ealaíne	Priontóireacht saorealaíon, liotagrafaíocht, eitseáil, priontáil rilífe, físeán agus láimhseáil/dearadh digiteach ar fhíseáin agus ar stíle
Ealaíontóirí a ghlac páirt	Ian Joyce, Oona Hyland, Marty Dunne, Kevin Quille, Beata Woods (fostaithe go lán nó go páirtaimseartha), Grúpaí ón gceantar, ealaíontóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta i gcónaítheacht ar nós Barabar Tetenbaum, John Breakey
Áitiúil	14
Neamh Áitiúil	8
Obair d'ealaíontóirí	Obair lánaimseartha do bheirt, obair pháirtaimseartha do dhuine amháin. Ceardlanna 5 lá de ghnáth
Táillí d'ealaíontóirí	33% – needs to be clarified
Buiséad iomlán	£60.000 go dáta
Ioncam tuillte	£38,000
Foinsí maoinithe	Coimisiúin Phoiblí, Aonaigh oibre, maoiniú reatha ón gComhairle Ealaíon do thionscadail a bhfuil rochtain oscailte orthu, Údarás na Gaeltachta–staidéar indéantachta
Uimhir rannpháirtithe	50 –75
Lucht féachana	Pobal leathan
Torthaí ealaíonta	Dhá chónaitheacht sé seachtaine le healaíontóirí idirnáisiúnta Clár le rochtain oscailte d'ealaíontóirí áitiúla agus idirnáisiúnta bunaithe anois. Cláir le healaíontóirí cuairte ar nós an chúrsa seachtaine i ndéantóireacht leabhair le healaíontóir agus liotagrafóir Meiriceánach John Breakey, duine de na liotagrafaíthe is mó taithí in Éirinn. Chruthaigh gach ealaíontóir a bhí páirteach saothar ealaíne nua. Croí imeachtaí ag an ionad seo is ea an déanamh leabhair agus an liotagrafaíocht anois. Bronnadh an Scéim Choimisiún 1% orthu don Ghrianán agus do thionscadal trasteorann. Comhoibriú le healaíontóirí eile. Taispeántais de shaothair ó na cónaitheachtaí agus ó chlár cheardlanna a reáchtáladh san ionad ealaíon áitiúil, Ceardlann na gCrosbhealach. Ag cruthú comhthéacs ina spreagtar ealaíontóirí chun obair le chéile ar bhealach idirdhisciplíneach laistigh de mhúnlaí ealaíne difriúla, ag úsáid scileanna láimhe agus an nua-theicneolaíocht dhigiteach araon. Ag cothú grúpa ealaíontóirí dílse chun úsáid a bhaint as an tsaoráid laistigh den phobal ar bhonn fadtéarmach – tá 14 bhall lánaimseartha agus 7 mball páirtaimseartha ann faoi láthair.
Torthaí eile	Tá an tionscadal seo ag eagrú suíomh líonra chun a ngníomhaíocht áitiúil a chur chun cinn, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tá treoirdearadh agus imlíne de phlean curtha le chéile d'fhoirgneamh nua Tá sceideal curtha le chéile chun athnuachan a dhéanamh ar fhoirgneamh tréigthe don Chomhairle Ealaíon agus tá iarratas curtha go dtí an tÚdarás do shuíomh chomhionanna de £30,000. Tá seomra dorcha, ceardlanna ginearálta, trealamh frámaithe agus oifige lonnaithe san áitreabh atá in úsáid faoi láthair. D'éirigh leis an iarratas ar son Maoiniú Reatha ón An Chomhairle Ealaíon in 2000.

4.2.5 Ceardlann na gCrosbhealach

Ainm an tionscadail	Ceardlann na gCrosbhealaigh
Lá/Fad	Clár bliantúil
Gníomhaíocht	Ionad Ealaíon – spas taispeántais agus oibre. Cuirtear clár de thaispeántais , ceardlanna agus cónaitheachtaí ealaíontóra ar fáil i rith na bliana ar fad agus bíonn páistí scoile áitiúla agus muintir na háite páirteacht iontu.
Áitreabh agus Láthair	Ceardlann na gCrosbhealach, An Fhál Charrach
Teagmhálaí/the	Una Campbell agus Anjo Nic Giolla Chearra
Páirtithe	Údarás na Gaeltachta, FÁS
Múnlaí Ealaíne	Dearcealaíona
Uimhir na n-ealaíontóirí	17
Áitiúil	2
Neamháitiúil	15+
Obair d’ealaíontóirí	Jabroinnt idir beirt ealaíontóirí
Táillí d’ealaíontóirí	Faic
Buiséad iomlán	£10, 859
Ioncam tuillte	Faic
Foinsí maoinithe	Údarás na Gaeltachta – Staidéar Indéantachta £2,800, 80% den chíos bliantúil – £3,360, costais thaispeántais £1000 An Chomhairle Ealaíon – costais thaispeántais £1,969 Comhairle Contae £630 – ealaíontóir i gcónaitheacht MFG Caiteachtas caipitil – £1,100
Uimhir rannpháirtithe	Need to clarify
Lucht Féachana	Need to clarify
Torthaí ealaíonta	Spás stiúideo agus taispeántais ar ardchaighdeán ar fáil anois d’ealaíontóirí áitiúla agus neamháitiúla. Tá deis ag an pobal saothair ar ardchaighdeán a fheiceáil. Tugann sé deis do dhaoine i bpobal beag cíoradh a dhéanamh ar theamaí agus coincheapanna éagsúla.
Torthaí	Staidéar indéantachta lena n-áirítear – ráiteas beartais, cuspóirí oibríochta, beartas agus critéir roghnaithe do thaispeántais sna nua-dhearcealaíona. D’fhoghlaim an grúpa nár mhór iad féin a shainmhíniú ar bhealach eile seachas mar ghrúpa a bhí ag lorg maoinithe. Taispeánann an gailearaí saothair nuálacha fiúntacha sna nua-ealaíona, le béim ar úsáid phobail ar feadh na bliana.

Trasnú

Ainm an tionscadail	Trasnú
Lá/Fad	Trí léiriú, 13, 14 Samhain 1999 Léiriú amháin Meán Fómhair 2000. Seachtain amháin cleachtaidh, Expo 2000 (forbraithe thar thréimhse sé mhí)
Gníomhaíocht	Seó stáitse
Áitreabh agus Láthair	Amharclann an Ghrianáin, Litir Cheanainn agus Hanover na Gearmáine
Teagmhálaí/the	Aoife Ní Fhearraigh
Páirtíochtaí	Raidio na Gaeltachta, Pól Ó Gallachóir, Amharclann an Ghrianáin, Patricia McBride, Údarás na Gaeltachta, FÁS
Múnlaí Ealaíne	Ceol, damhsa, filíocht
Uimhir ealaíontóirí	7 móide Altan. (Altan, Brendan de Gallai, agus damhsóir amháin eile, Mairéad, Triona Ní Dhómhnaill, Cathal Ó Searcaigh, Donal Lunny, Aoife Ní Fhearraigh)
Áitiúil	7 móide Altan
Neamháitiúil	
Obair d'ealaíontóirí	14 lá (páirteach freisin sa phleanáil agus sna cleachtaí thar thréimhse sé mhí)
Táillí d'ealaíontóirí	£6,000 an duine do aon ealaíontóir déag
Buiséad iomlán	£85,000
Ioncam tuillte	
Foinsí maoinithe	Údarás na Gaeltachta, Raidio na Gaeltachta, An Grianán, Comhairle Contae agus Ciste na Mílaoise, EXPO 2000
Uimhir rannpháirtithe	
Lucht Féachana	1,900
Torthaí ealaíonta	Seónna/ceolchoirmeacha ar ardchaighdeán gairmiúil. Comhoibriú idir ealaíontóirí le próifíl ard agus ealaíontóirí Gaeltachta aitheanta – File/damhsóirí /amhránaithe agus ceoltóirí Oscailt oifigiúil agus dha sheó breise ag Amharclann an Ghrianáin Ceolchoirm amháin ag Expo 2000 in Hanover Dhá dhán ar théama Trasnaithe le Cathal Ó Searcaigh ina leabhar filíochta nua
Torthaí	Thug sé deis do chomhoibriú cruthaitheach idir ? Pleanáil i dtreo Celtic Connections Glaschú agus dhá sheó do Thrócaire (BAC agus Gaillimh) in 2001

Dealbh na Gaeltachta nó Baile na Gaeltachta

Ainm an tionscadail	Dealbh na Gaeltachta nó Baile na Gaeltachta
Lá/Fad	Bealtaine go Deireadh Fómhair 99
Gníomhaíocht	Dealbhóireacht – píosaí do shuíomhanna ar leith a forbraíodh i gcomhar le Camchuart Siúil Ghael Saoire sa Ghaeltacht
Áitreabh agus Láthair	Ceithre láthair i nGaeltacht Dhún na nGa II
Teagmhálaí/the	Seighan Ó Draoi 07532710
Páirtithe	Údarás na Gaeltachta, FÁS
Múnlaí Ealaíne	Dearcealaíona – Dealbhóireacht
Uimhir ealaíontóirí	Ceathrar – Seighean Ó Draoi agus Brendan Farren
Áitiúil	Ceathrar
Neamháitiúil	
Obair d'ealaíontóirí	Mí an duine
Táillí d'ealaíontóirí	£1,000 x 4
Buiséad iomlán	£4000? (faic d'ábhar)
Ioncam tuillte	Faic
Foinsí maoinithe	Údarás na Gaeltachta £2,000 Comhairle Chontae £2,000
Uimhir rannpháirtithe	Gan duine ar bith
Lucht Féachana	Pobail áitiúla, cuairteoirí

Torthaí ealaíonta	Tá ceithre dhealbh anois ag ceithre láthair dhifriúla ar an gcamchuart siúil seo – Ardara, Baile Finn, Oileán Thorá agus Dún Lúiche
Torthaí	Staidéar indéantachta ar siúl faoi láthair féachaint conas is féidir an tionscnamh seo a fhorbairt. Tá ealaíontóirí amháin ag cruthú nascanna le dealbhóirí ceilteacha agus le heagrais ealaíon sa Spáinn.

Ealaíon Súil na Gaeltachta

Ainm an tionscadail	Ealaíon Súil na Gaeltachta
Lá/Fad	Lúnasa – Nollaig 98 agus 99 – 2000 ?
Gníomhaíocht	Taispeántais ealaíne
Áitreabh agus Láthair	Trí thaispeántas i nDún na nGall – Foras Cultúir Uladh, Gleanncholmcille, + ? An Ghearmáin etc?
Teagmhálaí/the	Micheal Ó Fearraigh, Shawn Hannigan
Páirtithe	Údarás na Gaeltachta, Ionad Ealaíona Litir Cheanainn
Múnlaí Ealaíne	Dearcealaíona – ilmheáin
Uimhir ealaíontóirí	22
Áitiúil	22
Neamháitiúil	faic
Obair d’ealaíontóirí	Ag obair ar phársaí taispeántais
Táillí d’ealaíontóirí	faic
Buiséad iomlán	£6,500
Ioncam tuillte	Dhíol cuid de na healaíontóirí a gcuid saothair (How many?) Fuair siad an praghas díola?
Foinsí maoinithe	Údarás na Gaeltachta £2,000 ?Comhairle Chontae Dhún na nGall £3000
Uimhir rannpháirtithe	22
Lucht Féachana	300
Torthaí ealaíonta	Chuidigh sé chun dearcealaíon Dhún na nGall a chur chun cinn. Bhí catalóg an taispeántais an-úsáideach chun, mar shampla, obair a fháil d’ealaíontóirí amháin (Mairéad ní Chuinneagáin, Taipéis Gael) i gclár dearaidh le Teilifís na Gaeilge.
